# Curaclam Teangacha na Bunscoile: Béarla agus Gaeilge

## Naíonáin shóisearacha go dtí Rang a Dó

## Tuairisc ar Chomhairliúchán agus ar Rannpháirtíocht

NCCA

Samhain 2014

# Clár

Tábla na bhFíoracha 4

Intreoir 5

Próifíl na bhFreagróirí 12

Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile 18

1. Réasúnaíocht 18
2. Aidhmeanna 22
3. Forbhreathnú ar an gCuraclam 25
4. Curaclam na Bunscoile a Úsáid 29
5. Torthaí foghlama 40

Tacaíocht churaclaim do mhúinteoirí 50

Conclúid agus na chéad chéimeanna eile 58

Tagairtí 67

Aguisín 1: Aighneachtaí scríofa a fuarthas 68

Aguisín 2: Rannpháirtíocht Leanúnach: Sampla 70

# Tábla na bhFíoracha


Tábla I.1: Forbhreathnú ar cheisteanna suirbhé ............ 7
Fíor P.1: Freagróirí de réir comhthéacs teanga scoile ............ 12
Fíor P.2: Freagróirí trí chineál scoile ............ 13
Fíor P.3: Freagróirí de réir blianta taithí i scoil ............ 14
Fíor P.4: Ionchais maidir le foghlaim agus forbairt teanga páistí ............ 15
Fíor P.5: Ionchais maidir le teagasc teanga ............ 16
Fíor 1.1: Aontú le réasúnaíocht an churaclaim – trí chomhthéacs teanga ............ 18
Fíor 2.1: Aontú le haidhmeanna an churaclaim – trí chomhthéacs teanga ............ 22
Fíor 3.1: Oiriúnacht na gcoincheap, meonta agus scileanna le haghaidh Chéim 1– trí chomhthéacs teanga ............ 25
Fíor 3.2: Oiriúnacht na gcoincheap, meonta agus scileanna le haghaidh Chéim 2– trí chomhthéacs teanga ............ 25
Fíor 4.1: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 i scoileanna Béarla ............ 29
Fíor 4.2: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 trí mheán na Gaeilge: Gaelscoil ............ 31
Fíor 4.3: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 trí mheán na Gaeilge: Gaeltacht ............ 32
Fíor 4.4: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 i scoileanna Béarla ............ 33
Fíor 4.5: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 trí mheán na Gaeilge: Gaelscoil ............ 35
Fíor 4.6: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 trí mheán na Gaeilge: Gaeltacht ............ 36
Fíor 4.7: An chúntacht le samplaí d'obair páistí ............ 37
Fíor 5.1: Oiriúnacht an lín torthaí – trí chomhthéacs teanga ............ 40
Fíor 5.2: Oiriúnacht an lín torthaí – trí chineál scoile ............ 41
Fíor 5.3: Inrochtaineacht na teanga ina gcuirtear na torthaí i bhfriotal– trí chomhthéacs teanga ............ 42
Fíor 5.4: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2 – trí chomhthéacs teanga ............ 43
Fíor 5.5: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 1, an chéad teanga – trí chomhthéacs teanga ............ 44
Fíor 5.6: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 2, an chéad teanga – trí chomhthéacs teanga ............ 44
Fíor 5.7: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2, an chéad teanga – trí chineál scoile ............ 45
Fíor 5.8: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 1, an dara teanga– trí chomhthéacs teanga ............ 46
Fíor 5.9: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 2, an dara teanga – trí chomhthéacs teanga ............ 47
Fíor 5.10: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2, an dara teanga – trí chineál scoile ............ 47
Fíor 5.11: Oiriúnacht foghlaim teanga trí shúgradh – trí chomhthéacs teanga ............ 50
Fíor 5.12: Taithí ar Aistear thar chomhthéacsanna teanga scoile ............ 51
Fíor 5.13: Moltaí chun an dréacht-churaclam teangacha a fheabhsú – néalamharc ............ 52
Fíor 5.14. Moltaí chun tacú le múinteoirí dul i ngleic leis an gcuraclam – néalamharc ............ 55
Tábla 6.1 Dréacht-Churaclam Teangacha agus Uirlisí Úsáide ............ 59
Fíor 5.15: Contanam na dTeangacha ar líne: ............ 62

# Intreoir

Foilsíodh Dréacht-Churaclam nua Teangacha na Bunscoile: Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó, le haghaidh comhairliúcháin ar Aibreán 9 i mbliana. Bhí torthaí ó athbhreithnithe curaclaim (CNCM 2005; 2008), torthaí ó thrí cinn de thuarascálacha coimisiúnaithe taighde (Sheil *et al*., 2012, Kennedy *et al.*, 2012; Ó Duibhir agus Cummins, 2012) agus obair CNCM le scoileanna mar bhonn eolais agus mar thaca faoi.

**Dréacht-Churaclam Teangacha Bunscoile**

Tá an Dréacht éagsúil le curaclam '99 don Bhéarla agus don Ghaeilge ar roinnt dóigheanna. Ar an gcéad dúl síos, is curaclam comhtháite é—tá an struchtúr céanna curaclaim agus na comhpháirteanna céanna ann don Bhéarla agus don Ghaeilge chun comhtháthú trasna an dá theanga a éascú. Tá i bhfad níos lú torthaí aige ná a bhí de spriocanna i gcuraclam '99 agus do gach snáithe—teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, tugann sé contanam (mapa) de chlocha mílte suntasacha agus de chéimeanna mionsonraithe a bhaineann le foghlaim agus forbairt teanga páistí. Cuireann samplaí d'obair paistí agus an t-ábhar tacaíochta leis na torthaí agus leis na contanaim agus cabhraíonn siad le múinteoirí breithiúnais ghairmiúla a dhéanamh i dtaobh ghnóthachtáil agus dhul chun cinn leanaí sa dá theanga, agus chun tacú leis sin. Taobhaíonn an Dréacht le prionsabail agus le modheolaíochtaí *Aistear: an Creat Curaclaim don Luath-Óige* (CNCM, 2009).

**Comhairliúchán**

Rinneadh dhá leagan de Dhréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile : Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó a ullmhú le haghaidh comhairliúcháin—ceann do scoileanna Béarla agus ceann eile do scoileanna a theagascann trí mheán na Gaeilge: Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Mar a luadh, úsáidtear an struchtúr céanna sa dá leagan agus níl de dhifríocht ann ach i dtaca le roinnt ábhair sna torthaí agus sna contanaim dhul chun cinn. Is iad seo príomhrranna an Dréachta:

- Réasúnaíocht
- Aidhmeanna
- Forbhreathnú
- Curaclam Teangacha na Bunscoile a Úsáid
- Torthaí Foghlama

Nuair a bheidh an Dréacht tugtha chun críche, foilseofar é mar churaclam ar líne ag www.curriculumonline.ie. Don chomhairliúchán seo, foilsíodh dhá leagan an dréachta ar líne i bhFormáid Doiciméad Iniompartha (**PDF**). Léirigh **gearrfhíseán** ar líon láithreáin an chomhairliúcháin conas a oibríonn príomh-chomhpháirteanna an Dréachta le chéile chun tacú le pleanáil agus le teagasc. Foilsíodh sampla de chontanam amháin, an **Contanam Scríbhneoireachta** ar líne ar chuid de na hábhair chomhairliúcháin é. Spreagadh freagróirí chun an dréacht a léamh ina raibh cóip de na ceisteanna comhairliúcháin ag deireadh gach rannóige, chun breathnú ar an bhfíseán agus dá mba mhian leo agus chun féachaint ar an gContanam Scríbhneoireachta, sula bhfreagródh siad an **suirbhé ar líne.** Bhí idir cheisteanna i bhformáid oscailte agus cheisteanna i bhformáid dhúnta sa suirbhé 24 ceist agus bhí gach ceist roghnach. Foilsíodh gach ábhar comhairliúcháin i mBéarla agus i nGaeilge. Bhí an suirbhé oscailte do dhuine ar bith ar mhian leo freagra a thabhairt agus forbraíodh go príomha é le haghaidh múinteoirí agus príomhoidí bunscoile agus le haghaidh gairmithe oideachasúla a bhíonn ag obair i réimse an bhunoideachais. D'fhéadfadh freagróirí roghnú cé acu a d'fhreagródh siad an leagan Béarla nó Gaeilge den suirbhé.

**Straitéisí chun an rannpháirtíocht a chur chun cinn**

Ba rud lárnach chun rannpháirtíocht a chinntiú eolas faoin gcomhairliúchán a scaipeadh agus a chur chun cinn. Ar an gcéad dul síos, aibhsíodh an comhairliúchán ar leathanach baile shuíomh Gréasáin an CNCM i measc 'gnémhíreanna' agus 'míreanna nua'. Seoladh r-chuireadh le nasc chuig líonleathanaigh an chomhairliúcháin chuig 3,200 bunscoil, chuig gach múinteoir agus cleachtóir a bhfuil nó a raibh baint roimhe seo acu le líonraí CNCM, agus freisin chuig gach síntiúsóir de chuid info@CNCM. Cuireadh an comhairliúchán chun tosaigh ag príomhimeachtaí CNCM ina raibh múinteoirí bunscoile agus páirtithe leasmhara mar a bhí ag seimineár Teagaisc *Aistear* agus ag an gcomhdháil *Buzzing with Books* i mí Bhealtaine. Chabhraigh giolcaí seachtainiúla chun feasacht a ardú faoin gcomhairliúchán, tríd an gcothaitheoir giolcaireachta #forbairtí bunscoile agus an fóram #Edchatie. Baineadh úsáid as Facebook chun an nasc chuig an gcomhairliúchán a leathadh agus chun cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara freagra a thabhairt air.

Ba phríomhstraitéis comhairliúcháin í an rannpháirtíocht dhíreach aghaidh ar aghaidh le múinteoirí. Thug baill d'Fhoireann Bunscolaíochta an CNCM cuairt ar scoileanna áitiúla chun 'seisiún tosaigh' a thabhairt ar an Dréacht. Sa seisiún seo, bhreathnaigh múinteoirí ar an bhfíseán forbhreathnaithe, fuair siad cóip chrua den Dréacht, agus chomhlánaigh siad an suirbhé go neamhspleách. D'oibrigh baill ó CMÉ le comhghleacaithe ina scoil féin agus i roinnt cásanna, i scoileanna eile freisin, chun tacú le rannpháirtíocht den chineál seo agus chun í a éascú.

Ceapadh go mairfeadh an comhairliúchán, a thosaigh go luath i mí Aibreáin, ar feadh ocht seachtaine. De bharr freagra íseal a bheith ann ag an tús áfach, agus iarratais ar thuilleadh ama ó na páirtithe leasmhara, síneadh an dáta dúnta le haghaidh suirbhéanna comhlánaithe agus aighneachtaí scríofa go dtí 31 Iúil. De bharr an ráta íseal freagraí ar an gcuireadh le haghaidh aighneachtaí scríofa ag deireadh mhí Mheithimh, scríobh an Leas-PO chuig páirtithe leasmhara a iarraidh agus a spreagadh tuilleadh aighneachtaí. D'fhreagair roinnt páirtithe leasmhara a iarraidh tuilleadh ama agus síneadh arís an dáta dúnta le haghaidh aighneachtaí scríofa go dtí 30 Mean Fómhair. Agus an tréimhse chomhairliúcháin le haghaidh suirbhéanna comhlánaithe a fháil ar ais a bheith sínte, thug sé sin deis an 'seisiún tosaigh' a chur isteach sa Dréacht (a ndearna Oifigigh Oideachais an CNCM agus Baill Choiste Oideachais CMÉ éascú air) ag cúrsaí samhraidh *Aistear* a bhain le litearthacht, a d'eagraigh Ionaid Oideachais i gcomhar leis an CNCM mar chuid de Thionscnamh Teagaisc *Aistear*.

**Sonraí agus anailís**

**Suirbhéanna**

Faoi 1 Deireadh Fómhair, cuireadh ar ais agus rinneadh anailís ar 796 freagraí suirbhé san iomlán. Chomhlánaigh 775 freagróirí an suirbhé ar líne i mBéarla agus rinne 21 an leagan Gaeilge. Is le linn Cúrsaí Samhraidh, i mí Iúil agus i mí Lúnasa, a comhlánaíodh 688 cóip chrua (86.4%) de na freagraí suirbhé ar fad.

Tugann Tábla I.1 thíos forbhreathnú ar na 24 ceist suirbhé trasna na dtí línte fiosrúcháin (rónna scáthaithe). Cuimsíonn sé faisnéis ar fhócas, líon agus cineál na gceisteanna laistigh de gach líne fiosrúcháin.

**Tábla I.1: Forbhreathnú ar cheisteanna suirbhé**

| Fócas | Ceisteanna | Cineálacha ceisteanna |
|---|---|---|
| ***Intreoir*** | | |
| Próifíl Freagróirí | 6 | Ilroghnach.<br>(roghnaigh gach ceann bailí) |
| Ionchais le haghaidh Foghlaim agus Teagasc Teangacha | 2 | Liosta, freagra téacs oscailte |
| ***Ábhair Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile*** | | |
| Réasúnaíocht | 2 | Likert – aontú<br>Liosta, freagra téacs oscailte |
| Aidhmeanna | 2 | Likert – aontú<br>Liosta, freagra téacs oscailte |

| | | |
|---|---|---|
| Forbhreathnú | 2 | Likert, oiriúnacht<br>Liosta, freagra téacs oscailte |
| Dul chun Cinn | 2 | Ilroghnach.<br>(roghnaigh gach ceann bailí) |
| Samplaí d'Obair Páistí | 1 | Likert, cúntacht |
| Treoirleabhar cleachtaí | 1 | Liosta, freagra téacs oscailte |
| Torthaí Foghlama | 2 | Likert, aontú<br>Likert, oiriúnacht |
| ***Tacaíocht do Mhúinteoirí*** | | |
| Súgradh mar mhodheolaíocht | 1 | Likert, aontú |
| Taithí ar *Aistear* | 1 | Ainmniúil, tá/níl |
| Ginearálta – Moltaí don Dréacht | 1 | Liosta, freagra téacs oscailte |
| Ginearálta – Moltaí don Tacaíocht | 1 | Liosta, freagra téacs oscailte |

Chun rochtain chuig uirlisí anailíse a chinntiú ar líne, agus chun slándáil fhisiceach na bhfreagraí agus na hanailíse agus na bhfreagraí a chinntiú, baineadh úsáid as uirlis suirbhé ar líne. Rinneadh freagraí ar mhíreanna freagra téacs oscailte a chódú trí na príomhsmaointe a shainiú agus a ainmniú. Athbhreithníodh agus beachtaíodh cóid go hatrialach chun na trí smaointe is minice a luadh do cheisteanna le freagra téacs oscailte a aithint. Rinneadh na freagraí a scagadh an sin agus cuireadh na torthaí i gcomparáid thar na trí comhthéacsanna foghlaim teanga. Rinneadh anailís freisin ar fhreagraí ar cheisteanna ilroghnacha agus likert chun cosúlachtaí agus difríochtaí a aimsiú trasna comhthéacsanna foghlaim teanga na bhfreagróirí. Ag tosú le Roinn 1 (Réasúnaíocht), úsáidtear barra chairteacha sa tuarascáil seo chun comparáidí idir torthaí a éascú trasna na dtrí comhthéacsanna scoile foghlaim teanga do bhunscoileanna in Éirinn: scoileanna Béarla, Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Ag glacadh san áireamh an líon beag freagraí ó fhreagróirí san earnáil Ghaeilge, i gcoibhneas leis an líon san earnáil Bhéarla, tá daonra na bhfreagróirí (n) tugtha i roinnt graf do gach ceann de na trí ghrúpaí freagróra. Sna graif sin, seasann n1 do fhreagróirí ó scoileanna Béarla; n2 do fhreagróirí ó Ghaelscoileanna agus n3 do scoileanna Gaeltachta.

**Aighneachtaí Scríofa**

Faoi lár Dheireadh Fómhair, bhí 73 aighneacht scríofa san iomlán a seoladh isteach agus a raibh anailís déanta orthu. Fuarthas roinnt aighneachtaí scríofa i mBéarla agus i nGaeilge araon. Tugtar liosta iomlán d'údair na n-aighneachtaí scríofa agus a gcleamhnachtaí faoi seach, in Aguisín 1. Coimeádadh

taifead de gach aighneacht scríofa, sábháladh í sa chomhad comhairliúcháin cuí, agus ansin léadh agus athbhreithníodh í chun na príomhphointí aiseolais a fháil. Athbhreithníodh cosúlachtaí agus difríochtaí thar na haighneachtaí agus pléadh iad de réir na dtrí línte fiosrúcháin sa suirbhé ar líne. Leanann struchtúr na tuarascála seo ord na gceisteanna suirbhé (Tábla 1) agus tá torthaí na n-aighneachtaí scríofa leabaithe síos tríd an tuarascáil mar aon le torthaí ábhartha na gceisteanna suirbhé.

**Srianta agus treoracha don chéad chéim eile den obair**

Tá a shrianta féin ag gach comhairliúchán. Tá trí shrian áirithe ag baint leis an gcomhairliúchán seo. Baineann an chéad cheann le huainiú an chomhairliúcháin, ag teacht, mar a tharla, leis an téarma deireanach—agus thiocfadh a áitiú an téarma is gnóthaí sa scoilbhliain. Pleanáladh an t-uainiú sin ón chéad lá, ar aon dul le spriocanna agus le hamlínte i Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS, 2011) chun athbhreithniú a dhéanamh air seo agus ar réimsí eile curaclaim ag an mbunleibhéal. Rinneadh an t-achar ama a athbhreithniú áfach, chun an comhairliúchán agus an rannpháirtíocht le scoileanna a éascú. I dteannta an tréimhse chomhairliúcháin a shíneadh go dtiocfadh tuilleadh freagraí isteach, tá céim eile rannpháirtíochta le scoileanna pleanáilte don scoilbhliain 2014/2015. Tugann sé sin deis chun obair a dhéanamh le scoileanna ag beachtú agus ag feabhsú gnéithe den Dréacht agus chun 'comhpháirteanna cleachtaidh' den churaclam a fhorbairt —eadhon *Samplaí* d'fhoghlaim teanga páistí agus *Ábhar Tacaíochta* do mhúinteoirí. Lena chois sin, cinntíonn an bhliain bhreise rannpháirtíochta sin go mbeidh aiseolas ó mhúinteoirí ar inrochtaineacht agus ar úsáideacht an chomhéadain idirlín mar bhonn eolais faoi Churaclam Teangacha na Bunscoile nuair a fhoilseofar ar líne é. Ó tharla gurb é an teanga an chéad réimse den churaclam atá le hathbhreithniú ag an mbunleibhéal, treoróidh aiseolas ó mhúinteoirí sa chéad bhliain eile forbairt idirlíon an Churaclaim Ar Líne do gach réimse eile i gcuraclam na bunscoile agus beidh se mar bhonn eolais faoi.

An dara srian sa chomhairliúchán, atá bainte le huainiú freisin, baineann sé leis an bpróiseas chun cabhrú le múinteoirí a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán agus a gcuid tuairimí a chomhroinnt. Ón tús luaigh Coiste Oideachais CMÉ an ga le cuairt a thabhairt ar mhúinteoirí ar an láthair chun an Dréacht agus na hábhair chomhairliúcháin araon a chur ina láthair agus thairg a lán ball na seisiúin tosaigh seo a dhéanamh ina scoile féin agus i scoileanna comharsanachta. Mar a luadh, thug baill d'Fhoireann Bunscolaíochta an CNCM seisiúin tosaigh freisin ina gcuid scoileanna féin nó i scoil áitiúil. Ainneoin na n-idirghabhálacha seo, bhí an líon freagraí ar an suirbhé fós íseal ag deireadh mhí Bhealtaine agus dá bharr sin, fíodh 'seisiún tosaigh' isteach in *Aistear* agus i gcúrsaí samhraidh a bhí bainte le litearthacht, sa chás go raibh faill ann a leithéid a dhéanamh. Is trí chúrsaí samhraidh más ea

a soláthraíodh tuairim is 84% de fhreagraí uile an tsuirbhé ar líne. D'fhonn an méid is lú 'cur isteach' a dhéanamh ag na cúrsaí samhraidh, tugadh amach cóipeanna crua den suirbhé agus bhainistigh an CNCM an próiseas chun iad seo a thabhairt ar ais lena gcur isteach ar líne níos moille.

Sa Tuarascáil Deiridh seo faightear anailís ar thorthaí an chomhairliúcháin—freagraí suirbhé agus aighneachtaí scríofa, a fuarthas ag am a scríofa. Baineann an tríú srian leis an deacracht go ndéanfaí amach gur torthaí ginearálta atá againn do gach bunscoil, nuair a ghlactar san áireamh nach bhfuil i rannpháirtithe an chomhairliúcháin ach cohórt réasúnta beag de dhaonra iomlán na mbunmhúinteoirí agus na mbunscoileanna. Tá sé seo bainteach go speisialta leis an earnáil Ghaeilge, agus go háirithe le scoileanna Gaeltachta. Nuair a chuimhnítear ar an líon beag freagraí a fuarthas ó na múinteoirí sna scoileanna seo caithfear a bheith airdeallach agus gan tátail níos leithne a bhaint astu. Leoga, is léir ón líon beag freagraí, é féin, an gá mór a bhí leis an bhliain bhreise rannpháirtíochta le scoileanna a achoimríodh thuas i dtaca leis an gceist amaithe de.

Gan dearmad a dhéanamh ar na srianta maidir le huainiú an chomhairliúcháin, an idirghabháil chun rannpháirtíocht a lorg trí chúrsaí samhraidh agus an líon beag freagraí ó mhúinteoirí in dhá cheann de na suíomhanna scoile, cuireann an Tuarascáil Deiridh seo i láthair agus pléann sí tacar láidir torthaí go dáta—thar 24 ceist le haghaidh chóir a bheith 800 freagróirí agus in os cionn 70 aighneacht scríofa bhreise.

**Struchtúr na Tuarascála seo**

Freagraíonn na torthaí comhairliúcháin a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo do na línte fiosrúcháin agus do na ceisteanna sa suirbhé comhairliúcháin. Tosaítear an chéad seisiún tosaigh le forbhreathnú ar na freagróirí iad féin bunaithe ar shonraí próifíle a bailíodh. Ansin tugtar torthaí le haghaidh gach ceann de phríomhranna an Dréacht-churaclaim. Díríonn an tacar deireanach torthaí ar thacaíocht do mhúinteoirí, ar aon dul leis na ceithre cheist dheireanacha sa suirbhé. Tarraingíonn an chonclúid le chéile príomhthorthaí ón gcomhairliúchán i sraith d'athbhreithnithe a mholtar i leith an Dréachta, agus pleananna chun líonra nua bunscoileanna a chur sa siúl d'fhonn rannpháirtíocht leanúnach le múinteoirí ar Churaclam nua Teangacha na Bunscoile a éascú trasna na dtrí comhthéacsanna teanga. Ar deireadh, tugtar uasdátú ar fhoilseachán Churaclam Teangacha na Bunscoile ar shuíomh nua Churaclam Ar Líne.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo chun cabhrú le plé ag baill Ghrúpa Forbartha Teanga na Luath-Óige agus na Bunscoile, Bord na Luath-Óige agus na Bunscoile, agus na Comhairle ag a gcuid cruinnithe i mí

Dheireadh Fómhair agus na Samhna. Tá sé beartaithe an tuarascáil seo a fhoilsiú ar www.CNCM.ie/primarylanguage agus an roinn dheireanach a fhoilsiú mar Achoimre Fheidhmeach.


# Próifíl na bhFreagróirí

Fuarthas 796 freagraí suirbhé san iomlán trasna an dá shuirbhé ar líne—775 ag úsáid an tsuirbhé i mBéarla agus 21 ag úsáid an chinn Ghaeilge. Is múinteoirí bunscoile iad bunús na bhfreagróirí (n=760). I measc grúpaí eile freagróirí a bhí ann, bhí cleachtóirí luathóige (n=14), taighdeoirí (n=9), múinteoirí iar-bhunscoile (n=5), agus tuismitheoirí (n=5). Tá triúr freagróirí nár fhreagair an chéad cheist seo ar phróifíl. Tá roinnt múinteoirí a theagascann trí mheán na Gaeilge a d'fhreagair i mBéarla agus roinnt bheag múinteoirí i scoileanna Béarla a d'fhreagair trí Ghaeilge.

**C2: Comhthéacs Teanga Scoile: Is scoil …... í mo scoilse**

Ag amharc trasna dhá leagan teanga an tsuirbhé, léiríonn Fíor P.1 an comhthéacs teanga scoile atá ag na 763 freagróirí múinteora (lena n-áirítear triúr múinteoirí iar-bhunscoile). San iomlán, is as scoileanna Béarla iad 93% díobh, is ó Ghaelscoileanna 4.5% acu agus is ó scoileanna Gaeltachta iad an 2% eile a bhí fágtha. Ní cúis iontais iad na fíoracha seo nuair a chuimhnítear ar an líon beag scoileanna a theagascann trí mheán na Gaeilge i gcoibhneas leis an líon scoileanna Béarla sa tír.

**Fíor P.1: Freagróirí de réir comhthéacs teanga scoile**





(*n*1=712, *n*2=34, *n*3=17)

Is fiú a lua, as measc líon iomlán na scoileanna Béarla atá léirithe i bhfreagraí an tsuirbhé, gur scoileanna Béarla de chuid na Gaeltachta iad dhá cheann acu seo.

**C3: Cineál Scoile. Is scoil …. í mo scoilse**

Mar atá le feiceáil i bhFíor P.2, theagasc bunús na bhfreagróirí i scoileanna ingearacha ó naíonáin bheaga go dtí rang a sé (n=510) agus/nó i scoileanna comhoideachais (n=348). Tá 125 múinteoirí san iomlán a theagasc i scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu agus cúigear acu sin ba ón earnáil Ghaeilge iad (dhá Ghaelscoile agus trí scoil Ghaeltachta). D'oibrigh ceathrar freagróirí is fiche i scoileanna speisialta.

**Fíor P.2: Freagróirí trí chineál scoile**




(n=766)

Theagasc an chuid is mó de na freagróirí i scoileanna ina raibh os cionn 101 dalta. Bhí na scoileanna is mó san earnáil Bhéarla agus bunús na bhfreagróirí ag obair i scoileanna ina raibh idir 301-500 páiste. Mórchuid na bhfreagróirí a bhí ag obair i nGaelscoileanna bhí siad i scoileanna de 201-300 paiste ach bhí mórchuid na múinteoirí Gaeltachta i scoileanna le 61-100 páiste. Tá chóir a bheith an ceathrú cuid de mhúinteoirí (n=191) a d'oibrigh i scoileanna le níos lú ná 100 páiste.


**C1: Tá mise ag freagairt mar…**

Ag breathnú ar an gcohórt de fhreagróirí-múinteora bhí a mbunús ina múinteoirí ranga ag 72%, agus is freagróirí a bhí ina bpríomhoidí agus ina leas-phríomhoidí an dara grúpa ag 16% agus bhí 14% ann ar mhúinteoirí acmhainní nó tacaíocht foghlama iad, agus beagán de na catagóirí sin ag dul isteach thar a cheile. Luaigh roinnt múinteoirí gur múinteoirí ionadacha iad nó go raibh siad ag obair in aonaid Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU).

**C6: An méid blianta taithí i scoil…**

Tá os cionn a leath de na freagróirí-múinteora a raibh níos lú ná 10 mbliana taithí acu ag obair i scoil agus os cionn trí cheathrú díobh a raibh níos lú ná 15 bliana taithí, faoi mar a léirítear i bhFíor P.3.

**Fíor P.3: Freagróirí de réir blianta taithí i scoil**




(n=763)


**C7: Ionchais d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí**

Iarradh ar fhreagróirí focal nó frása a chomhroinnt a chur síos ar a n-ionchais nó a mianta d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí scoile sa la atá inniu ann agus sa todhchaí. Is féidir na focail agus na frásaí a úsáideadh ag 668 freagróirí a chatagóiriú de réir na dtéamaí leathana seo:

- muinín agus inniúlacht páistí sa teanga
- cáilíochtaí na n-eispéireas foghlama teanga ag páistí
- struchtúr churaclam na dteangacha.

Léiríonn an néalamharc de fhreagraí i bhFíor P.4 minicíocht na dtéarmaí a úsáideadh agus an prionta níos mó ag taispeáint minicíocht níos airde trráchta.

**Fíor P.4: Ionchais maidir le foghlaim agus forbairt teanga páistí**




Ábalta a Chur in Iúl, Gníomhach, Deisbhéalach, Leathan, Páiste,

Paistí, Cumarsáid a Dhéanamh, Muiníneach,

Mealltach, Sultmhar, Líofacht, Líofa, Barr Cumais, Spraoi,

Feabhsú, Cuimsitheach, Comhtháite, Idirghníomhach, Teanga

Litearthacht, Praiticiúil, Céimnitheach, Ábhartha, Saibhir, Féin

Stór Focal

Is é an chead téama agus an téama is minice trácht ag ceathrú de na freagróirí go mbeadh páistí muiníneach agus inniúil ina gcuid úsáid teanga. Luaigh roinnt freagróirí gur mian leo go mbeadh páistí ina g*cumarsáidithe cumasacha* agus *éifeachtacha*, *stór maith focal* a bheith acu, a bheith *líofa* agus *deisbhéalach*, agus a bheith ábalta *iad féin a chur in iúl.* Bhain na hionchais agus na mianta chóir a bheith go huile le scileanna léirithe teanga, agus gan ann ach dornán freagróirí a thagair do scileanna éisteachta/glacachta.

Dhírigh an dara príomhthéama ar cháilíochtaí eispéiris foghlama teanga páistí. Ba mhian le freagróirí na heispéiris seo a bheith: *sultmhar, gníomhach, spraíúil, saibhir, mealltach,* agus *idirghníomhach.*

Bhain an tríú príomhthéama le curaclam na teanga é féin seachas le taithí na bpáistí. Luaigh freagróirí an mhian a bhí acu go mbeadh an curaclam teanga *céimnitheach, ábhartha, comhtháite, leathan, cuimsitheach,* agus *praiticiúil.*

**C8: Ionchais/mianta maidir le mo chuid teagasc teanga**

Sa cheist seo iarradh arís ar fhreagróirí focal nó frása a chomhroinnt a léireodh a gcuid ionchas nó mianta féin maidir lena gcuid teagasc teanga sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí. Fuarthas 640 freagra agus cuireadh iad seo i gcatagóirí de réir na dtrí téamaí seo a leanas– atá ábhartha do gach ceann de na comhthéacsanna foghlaim teanga:

- cáilíochtaí na n-eispéireas foghlama teanga ag páistí
- múinteoirí agus múineadh
- tacú le dul chun cinn teanga páistí.

Taispeánann an néalamharc de fhreagraí i bhFíor P.5 minicíocht na dtéarmaí a d'úsáid múinteoirí.

**Fíor P.5: Ionchais maidir le teagasc teanga**




Gníomhach, Paiste, Páistí, Muinín, Cruthaitheach,

Éifeachtach, Tarraingteach, Taitneamhach, Spraoi, Cuimsitheach, Spreagúil,

Comhtháite, Idirghníomhach, Teanga, Foghlaim Riachtanais,

Súgradh, Praiticiúil, Céimnitheach, Fíorshaol, Réalaíoch, Ábhartha,

Acmhainní, Struchtúrtha, Tacaíocht do Mhúinteoirí, Múineadh, Éagsúlacht

Dhírigh an chead téama ar ghnéithe d'eispéiris foghlaim teanga páistí (ar nós an dara téama sa cheist roimpi seo). Measadh gur rud fíorlárnach é eispéiris teanga *mhealltacha* a chur ar fáil agus d'úsáid freagróirí focail amhail *inspreagthach, spreagúil* agus *inspioráideach* chun cur síos a dhéanamh orthu seo. Luaigh freagróirí gur chóir freisin go mbeadh eispéiris sultmhar, m.sh., *foghlaim ar dhóigh spraíúil;* agus *ábhartha,* m.sh., *bainte le saol na bpáistí féin lasmuigh den scoil. Am le haghaidh plé agus caibidil*;

*súgradh* agus *spraíúil*; *comhtháite* agus *praiticiúil*, ar cháilíochtaí breise iad d'eispéiris teanga páistí ar cuireadh síos orthu sa téama seo.

Bhain an dara téama le múinteoirí agus lena gcuid teagaisc. Thagair múinteoirí don tábhacht a bhain le ardchaighdeáin teagaisc agus d'úsáid siad téarmaí ar nós *éifeachtach, tairbheach,* ard *ardcháilíochta* chun cur síos a dhéanamh orthu sin i dtéarmaí ginearálta. Measadh féinfheabhsú a bheith tábhachtach sa chomhthéacs seo, m.sh., *a bheith ag fás agus ag feabhsú go leanúnach; ag dul ó neart go neart*. Tráchtadh ar an ngá le h*uasoiliúint* trí *Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)* agus leis an gcothromaíocht idir chuntasacht agus neamhspleáchas gairmiúil, m.sh., *fócas soiléir ar fhoghlaim teanga páistí agus ní ar pháipéarachas*. Luaigh múinteoirí an gá le *straitéisí maithe* agus a *modheolaíochtaí éifeachtacha a fhorbairt* trí fheabhsúchán leanúnach. Ainmníodh tréithe cáilíochtaí amhail an gá le *lúfaireacht agus solúbthacht*. Faoi mar a bhí sa cheist roimpi seo, is beag tagairt a rinneadh do theagasc chun scileanna glacachta páistí a fhorbairt, mar sin féin nótáladh an tábhacht atá le scileanna léiritheacha a theagasc go héifeachtach, m.sh., *cur lena stór focal; teanga na bpáistí a shaibhriú; cabhrú leo iad féin a chur in iúl; níos lú den chaitheamh 'chuig' agus níos mó den chaint 'le'.*

Dhírigh an tríú fócas ar *thacú le dul chun cinn*. Rinne freagróirí nóta den tábhacht a bhain le cabhrú le páistí *barr a gcumais a bhaint amach* i dtéarmaí ginearálta agus go háirithe, *chun fás aníos ina gcumarsáidithe muiníneacha*. Luaigh freagróirí an gá le *soiléireacht ar thorthaí curaclaim*; *clocha míle tábhachtacha,* agus *critéir ratha.* Measadh go raibh siad sin ríthábhachtach ag múinteoirí chun *tacú le difreáil* agus chun a chinntiú gur féidir le gach páiste dul chun cinn ag *luas oiriúnach agus dúshlánach.*


# Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile

## 1. Réasúnaíocht

**C9: Réasúnaíocht Churaclam na dTeangacha**

D’iarr Ceist a naoi ar fhreagróirí a léiriú cén méid a d’aontaigh siad leis an réasúnaíocht don dréacht-churaclam teangacha. Tugann Fíor 1.1 forbhreathnú ar na freagraí.

**Fíor 1.1: Aontú le réasúnaíocht an churaclaim – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=703, *n*2=33, *n*3=23)

Bhí tromlach suntasach (87%) de fhreagróirí *a d’aontaigh* nó *a d’aontaigh go mór* leis an réasúnaíocht don Churaclam nua Teangacha Bunscoile. Cé go raibh 12% de fhreagróirí a bhí éiginnte, ní raibh ach 1% *a d’easaontaigh* nó *a d’easaontaigh go mór* leis. Léiríonn na freagraí sin tacaíocht mhór do réasúnaíocht an churaclaim.

Bhí roinnt difríochtaí i bhfreagraí trasna na gcomhthéacsanna scoile teanga. Is mó an seans a bhí múinteoirí ó Ghaelscoileanna *ag aontú go mór* leis an réasúnaíocht ná múinteoirí ó na scoileanna Béarla ná ó na scoileanna Gaeltachta. Bhí formhór mór na bhfreagróirí i scoileanna Gaeltachta, áfach, i bhfách leis an réasúnaíocht.

Ina gcuid tráchtanna, tá a lán freagróirí nár thug aghaidh dhíreach ar mhíreanna den réasúnaíocht, ach nuair a rinne, is minic a léirigh a dtuairimí go raibh meas acu ar:

- an bhéim ar theanga le haghaidh caidrimh chumarsáideacha

- an próiseas comhtháite foghlaim teanga
- an próiseas forbarthach a tugadh le haghaidh foghlaim teanga.

Bhí thart ar an líon céanna freagróirí a mheas struchtúr an dréacht-churaclam teangacha a bheith níos inrochtana nó níos deacra a rochtain ná a réamhtheachtaí. Is minic a cuireadh síos ar an dréacht-churaclam mar dhoiciméad *ar fheabhas, cuimsitheach, fócasaithe* agus *níos soláimhsithe*, chomh maith le bheith *rófhada*, agus *rófhoclach*. Léiríodh buarthaí freisin faoin gcaoi ina bhfuil an Béarla agus an Ghaeilge 'comhcheangailte' nó 'cónasctha', agus roinnt múinteoirí (iad go léir ó scoileanna Béarla) den bharúil nuair a bhítear ag brath ar inaistritheacht scileanna teanga go gcuirtear droch-chomaoin ar an nGaeilge. Bhí daoine eile áfach, i bhfách leis an tábhacht a bhain le traschur teanga agus le naisc thras-teanga. Mar sin féin mhol aighneacht scríofa amháin go ndéanfaí léiriú ar chur chuige struchtúrtha i leith teagasc comhtháite teangacha mar eiseamláir. Dhearbhaigh a lán freagróirí an tábhacht atá le páirtíocht idir an mbaile agus an scoil agus an suntas atá le máthairtheanga páiste agus é/í ag tosú ar scoil, cé go raibh imní ar roinnt eile nach ndearnadh go leor freastail sa réasúnaíocht ar riachtanais páistí *BTB (Béarla mar Theanga Bhreise)* chun a máthairtheanga a fhorbairt tuilleadh. Bhí buaireamh ar mhúinteoir Gaelscoile faoin *bpáiste BTB (Béarla mar Theanga Bhreise) sa scoil Ghaeilge*. Cheistigh aighneacht scríofa amháin an réasúnaíocht taobh thiar den tagairt don súgradh sa roinn ar chomhthéacsanna foghlaim teanga páistí, bhraith siad go raibh sé as áit sa roinn sin agus go raibh seans, agus é curtha isteach ann, go gcuirfí srian ar an bpoitéinseal chun tógáil ar an ról suntasach a bhíonn ag an mbaile i bhforbairt scileanna teanga páistí.

**C10: Smaointe eile le cur isteach sa Réasúnaíocht**

D'fhreagair beagán os cionn an cúigiú cuid de na freagróirí an cheist seo. Bhain na príomh-mholtaí a rinneadh, agus san ord minicíocht a tráchtadh orthu, le measúnú agus scagadh, tacaí, acmhainní agus FGL, riachtanais páistí le Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) agus Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) agus bainteacht tuismitheoirí. Bhain an smaoineamh ba mhinice a luadh le cur san áireamh, bhain se le fáil a bheith ar thrialacha scagtha agus diagnóiseacha teanga do pháistí i ranganna naíonán. Bhí smaoineamh eile nasctha leis sin go gcuirfí san áireamh sainuirlisí measúnaithe amhail seicliostaí nó teimpléid chaighdeánacha. Chuir freagróirí in iúl gur chóir go dtarlódh an obair scagtha agus dhiagnóiseach seo níos luaithe agus go mbeadh de thoradh air go dtiocfadh ar idirghabhálacha níos gasta. Thagair aighneacht scríofa amháin don easpa comhsheasmhachta in eispéiris réamhscoile páistí agus go gcuireann sé sin leis an réimse leathan cumas i measc páistí agus iad ag dul isteach sa bhunscoil. Mhol a lán freagróirí freisin gur chóir go n-aibhseodh an Réasúnaíocht an tábhacht atá le

hacmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil chun tacú le hobair teanga scoileanna. I measc na n-acmhainní/na dtacaí sin áiríodh rochtain ar theiripe teanga agus urlabhra; cúnamh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO); tabhairt ar ais poist mhúinteora BTB; agus soláthar do pháistí le riachtanais speisialta. Mhol roinnt freagróirí gur chóir go n-aithneofaí sa Réasúnaíocht go bhfuil riachtanais ar leith teanga ag páistí BTB, agus bhí múinteoir Gaelscoile ann a mheas gur chóir go dtabharfaí aitheantas do riachtanais ar leith teanga páistí na dTaistealaithe: *Ba chóir tagairt don lucht siúil agus a ndeacrachtaí teanga.*

Cé nach cuid den Réasúnaíocht é féin í, is mór an bhéim a cuireadh ar uasoiliúint múinteoirí agus moladh go láidir í a chur san áireamh óir bhí múinteoirí den tuairim nach n-éireodh leis an gcuraclam nua ach amháin dá mbeadh tacaíocht FGL ag dul leis. Bíodh is gur aithníodh gur thagair an Réasúnaíocht do thuismitheoirí agus do chumarsáid duine fásta/leanbh, bhraith roinnt daoine go raibh treoirlínte agus straitéisí níos sonraí ag teastáil ó mhúinteoirí d'fhonn tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, go speisialta tuismitheoirí páistí BTB.

I measc na rudaí a luaigh líon níos lú múinteoirí áirítear: litriú; peannaireacht; aistriú eolais ón réamhscoil go dtí an bhunscoil; agus aitheantas níos mó ar ról na teicneolaíochta i bhforbairt teanga páistí.

Luadh in aighneachtaí scríofa ó pháirtithe oideachais gur gá páistí BMB a dhéanamh níos infheicthe agus gur tábhachtach na tairbhí a aithint ar féidir leis an ilteangachas agus an leis an bhfeasacht idirchultúrtha mhéadaitheach a thabhairt i dtaca le teagasc agus foghlaim teangacha. Luadh in athuair an tábhacht le hionchur tuismitheoirí agus lena bhfreagracht chun tacú le forbairt teanga. Grúpaí eile a d'aithin páirtithe ba chóir a chur san áireamh sa Réasúnaíocht ab ea páistí le riachtanais speisialta oideachais agus paistí ó chúlra socheacnamaíoch íseal. Tugadh focal rabhaidh i roinnt aighneachtaí scríofa maidir le húsáid cáilitheoirí sa Réasúnaíocht amhail 'formhór na bpáistí' nó 'an tromlach' agus d'iarr go mbainfí iad sin amach chun an curaclam a dhéanamh níos uileghabhálaí agus *gach* páiste a bheith san áireamh. Bhí aighneacht scríofa amháin ann inar iarradh go dtabharfaí aitheantas don iliomad comhthéacsanna scoile i gcóras oideachais na hÉireann agus an dúshláin a thugann gach ceann acu a bheith aibhsithe. Lorgaíodh aitheantas in aighneacht eile do ranganna móra agus na dúshláin a bhrúfadh siad sin ar aon churaclam a chuirfí i bhfeidhm.

I dtaca leis an nGaeilge de, iarradh i roinnt aighneachtaí scríofa go gcíorfaí amach níos mó na difríochtaí idir comhthéacsanna foghlama na Gaelscoile agus na Gaeltachta. Lena chois sin, lorgaíodh aitheantas níos mó i dtaca leis na deacrachtaí dátheangachais a dtagtar orthu i suíomhanna Gaeltachta. D'iarr roinnt aighneachtaí scríofa ón nGaeltacht go mbeadh curaclam ar fáil a shaineodh riachtanais an chainteora dúchais, iarradh sna haighneachtaí céanna sin go luafaí mar rud éigeantach cleachtas an

luath-thumoideachais. I gcás amháin lorgaíodh sainmhíniú infheidhme ar an tumoideachas i gcomhthéacs na Gaeltachta. In aighneachtaí scríofa eile lorgaíodh soiléireacht ar uainiú agus ca huair a thabharfaí isteach teagasc na scileanna foirmiúla agus luatha litearthachta d'fhoghlaimeoirí an dara teanga i ngach ceann de an comhthéacsanna teanga scoile. Iarradh i roinnt aighneachtaí uathu sin a bhíonn ag obair i réimse na Gaeilge go mbeadh cur chuige struchtúrtha soiléir ann i dtaca le teagasc an dara teanga de cheal na *dtéamaí* agus *na bhfeidhmeanna teanga* a bhí mar chuid de churaclam Gaeilge 1999.


D'iarr aighneacht eile arís go ndéanfaí na comhpháirteanna seo (téamaí, feidhmeanna teanga, na hEiseamláirí teanga) a fhorbairt tuilleadh agus a chomhtháthú isteach sa Churaclam Nua Teangacha Bunscoile, chun cabhrú le múinteoirí Gaeilge a theagasc. Cuireadh buaireamh in iúl freisin faoin laghdú in am teagaisc na Gaeilge de rogha ar an mBéarla, agus mar sin de iarradh go dtabharfaí treoir ann ar íosuaireanta teagaisc na Gaeilge. D'iarr roinnt aighneachtaí go míneofaí go sonrach Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus go ndéanfaí tagairt do shealbhú Inniúlacht Teanga idir Chognaíoch agus Acadúil (ITCA) do chainteoirí dúchais Gaeilge.

# 2. Aidhmeanna

**C11: Aidhmeanna an Churaclaim Teangacha**

Thug Ceist 11 faill do fhreagróirí a léiriú oiread a d'aontaigh siad le haidhmeanna an dréacht-churaclaim teangacha. Tugann Fíor 2.1 forbhreathnú ar na freagraí.

**Fíor 2.1: Aontú le haidhmeanna an churaclaim – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=692, *n*2=34, *n*3=19)

Ag aon dul leis na freagraí dearfacha den chuid is mó ar réasúnaíocht an churaclaim, thacaigh mórchuid na bhfreagróirí (90%) le haidhmeanna an dréacht-churaclaim. Ba lú ná ceann i nach deichniúr a bhí idir dhá chomhairle agus mionlach beag, tuairim is beagán thar 1% *a d'easaontaigh* nó *a d'easaontaigh go mór.* Tháinig na leibhéil chéanna tacaíochta do na haidhmeanna ó mhúinteoirí sna comhthéacsanna difriúla teanga scoile—thart ar 90% de mhúinteoirí ó scoileanna Béarla agus ó Ghaelscoileanna *a d'aontaigh* nó *a d'aontaigh go mór* leis na haidhmeanna sa Dréacht. Faoi mar a bhí leis an réasúnaíocht, bhí múinteoirí i nGaelscoileanna beagán níos sásta leis na haidhmeanna, *ag aontú go mór,* ná a bhí a gcomhghleacaithe sna scoileanna Béarla. I measc freagróirí ó scoileanna Gaeltachta, bhí 71% ann *a d'aontaigh* nó *a d'aontaigh go mór*. Ní léir sna freagraí suirbhé anseo aon difríochtaí móra i leibhéil na tacaíochta do na haidhmeanna ó mhúinteoirí i scoileanna Béarla agus i scoileanna Gaeilge.

Bhí tuairim is 86 freagróirí a thrácht ar na haidhmeanna. Ar aon dul leis na freagraí ar C11, bhí na tráchtanna seo dearfach den chuid is mó. Cuireadh síos ar na haidhmeanna ar bhealaí éagsúla mar *inmholta, réalaíoch, simplí agus soiléir, an-chuimsitheach, achomair, níos ábhartha,* agus *níos inrochtana.* Chreid freagróir amháin go raibh na haidhmeanna *ag teacht le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.* Thagair an líon is lú tuairimí diúltacha do na haidhmeanna mar rud *ródhoiléir, rófhoclach,* agus *neamhréalaíoch* agus bhí beagán freagróirí ann a bhraith go raibh an iomarca aidhmeanna ann. Dúirt múinteoir Gaelscoile amháin: *Is ar éigean a luaitear múineadh na léitheoireachta sna haidhmeanna agus is é sin príomhghnó na scoile.* Bhí tuairimí éagsúla ag freagróirí sa léirmhíniú a thug siad ar 'eolas intuigthe' ar T2, agus mheas roinnt go raibh aidhm 10 (a bhain le stair na dteangacha a thuiscint) 'mí-oiriúnach' le haghaidh ranganna sóisearacha. Mhol beagán múinteoirí an haidhmeanna a chur in athord chun a dtábhacht choibhneasta a léiriú. Bhí lear mór tráchtanna a leag béim ar bhuaireamh múinteoirí go dteagascfaí scileanna teanga go scartha rud a léireodh eagla go mbeadh curaclam comhtháite ina mhíbhuntáiste ag ceachtar teanga nó ag an acu araon. Níor léiríodh aon bhuaireamh mór ar bith sna trí tráchtanna ó mhúinteoirí i suíomhanna Gaeilge seachas an mhian go gcuirfeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ábhair trí Ghaeilge ar fáil. Iarradh in aighneachtaí scríofa ó pháirtithe a bhíonn ag obair i réimse na Gaeilge go gcuirfí níos mó béime ar fhoghlaim agus ar thuiscint oidhreacht agus tábhacht chultúrtha na Gaeilge, mar a sonraíodh in Acht Oideachais (1998) agus i 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2013` (Rialtas na hÉireann, 2010). Bhí aighneacht scríofa amháin ann a d'iarr go mbeadh na haidhmeanna níos ailínithe leis na míreanna agus an torthaí agus go gcuirfí iad in ord tábhachta. Mhol an aighneacht chéanna sin go mbainfí an focal 'aithris' as an roinn ar 'fhoghlaim teanga páistí' agus go dtagrófaí do phrionsabail leathana foghlaim teanga agus chomh maith leis sin go ndíreofaí aird ar phrionsabail a bhaineann le foghlaimeoirí an dara teanga go háirithe.

**C12: Smaointe eile le cur isteach sna haidhmeanna**

Iarradh ar fhreagróirí oiread le trí smaoineamh eile a liostú a thiocfadh a chur isteach i measc na n-aidhmeanna. Bhí siad seo le cur in ord tábhachta. Is iad seo a leanas na smaointe a liostaíodh as measc na 140 freagraí, ag tosú leis an gceann is minice a luadh:

- cur chun cinn gníomhach na Gaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an lae scoile
- páirtíocht níos mó le tuismitheoirí
- tuairimíocht mhuiníneach agus líofacht i gcaint agus i bplé laethúil páistí
- tacaíocht do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO)

- cur chun cinn an dátheangachais
- cumarsáid neamhbhriathartha  a bheith san áireamh ann amhail comharthaíocht
- sainmhíreanna teanga a bheith san áireamh amhail fónaic, litriú, gramadach, peannaireacht, éisteacht agus forbairt cuimhne
- leanúnachas forbairt teanga laistigh den scoil agus idir an réamhscoil agus an bhunscoil.


I measc na moltaí a tháinig ó mhúinteoirí i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta áirítear: *scileanna éisteachta a chothú,* agus *teanga chainteoirí dúchasacha na Gaeltachta a shaibhriú.* Tháinig a lán de na smaointe áfach, a bhain le cur chun cinn na Gaeilge ó mhúinteoirí i scoileanna Béarla.

# 3. Forbhreathnú ar an gCuraclam

**Q13: Coincheapa, Meonta agus Scileanna**


Thug Ceist 13 cuireadh do fhreagróirí an méid a d'aontaigh siad le hoiriúnacht na gcoincheap, na meonta agus na scileanna do gach ceann den dá chéim a chur in iúl. Tugann Fíoracha 3.1 agus 3.2 forbhreathnú ar na freagraí.

**Fíor 3.1: Oiriúnacht na gcoincheap, meonta agus scileanna le haghaidh Chéim 1– trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=691, *n*2=33, *n*3=18)

**Fíor 3.2: Oiriúnacht na gcoincheap, meonta agus scileanna le haghaidh Chéim 2– trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=620, *n*2=32, *n*3=15)

Agus muid ag glacadh an dá chéim le chéile, mheas 87% (n=606) de na freagróirí go raibh na coincheapa, na meonta agus na scileanna a liostaíodh *oiriúnach* nó *an-oiriúnach,* bhí 12% (n=85) acu *éiginnte* agus go díreach os cionn 2% (n=29) a chreid go raibh siad *mí-oiriúnach* nó *an-mhí-oiriúnach.* Léiríonn na Fíoracha seo tacaíocht an-láidir do na coincheapa, na meonta agus na scileanna a liostaíodh. Mar sin féin, mheas i bhfad níos mó freagróirí go raibh na coincheapa, srl. *oiriúnach* (52%)

ná *an-oiriúnach* (35%). Bhí sé seo i bhfad níos feiceálaí i gcás na bhfreagróirí i scoileanna Béarla. B'fhéidir go léiríonn sé sin roinnt éiginnteachta i measc múinteoirí ar an mbrí atá le coincheapa, meonta agus scileanna, agus/nó a ról i bhfoghlaim agus i bhforbairt teanga. Léirigh roinnt freagraí ar C14 an éiginnteacht chéanna. Mar an gcéanna in aighneacht scríofa eile aibhsíodh an deacracht a bhain le meonta a mheas.

Má ghlactar an dá chéim scartha óna chéile, ní raibh aon difríocht shuntasach eatarthu sa chéatadán freagróirí a bhí i bhfách le nó a chuir i gcoinne oiriúnacht na gcoincheap, na meonta agus na scileanna a liostaíodh. Nuair a ghlactar meán teagaisc na scoileanna san áireamh, ní raibh aon difríocht shuntasach idir na rátaí ar a son nó ina héadan ó fhreagróirí in aon cheann de na suíomhanna scoile. Ba é sin an cás do na rátaí comhcheangailte don dá chéim, agus freisin do na céimeanna agus iad scartha. Ba chóir a lua go raibh líon mór scoileanna Gaeltachta i gceist sa ghrúpa a bhí sa chatagóir *éiginnte* (28%) agus ní raibh oiread sin acu le fáil sa ghrúpa a thaobhaigh leis an gcatagóir *an-oiriúnach* (21%). Cé gur lú iad de thairbhe uimhreacha de, bhí múinteoirí ó Ghaelscoileanna níos treise go maith sa mholadh a thug siad do choincheapa, meonta agus scileanna ná a bhí na freagróirí sna suíomhanna scoile eile. Rud suimiúil de, is ó shuíomhanna Béarla chóir a bheith gach múinteoir a mhothaigh go raibh na coincheapa, meonta agus scileanna mí-oiriúnach nó an-mhí-oiriúnach.

**C14: Smaointe eile le cur i measc na gcoincheap, na meonta agus na scileanna**

Tugadh cuireadh do fhreagróirí oiread le trí smaoineamh eile a liostú a thiocfadh a chur isteach i measc na gCoincheap, na Meonta agus na Scileanna. Bhí siad sin le liostú in ord tábhachta, an ceann is tábhachtaí ar an gcéad cheann. Bhí 74 freagróirí ann a d'fhreagair an cheist seo, triúr a theagasc i nGaelscoil, agus triúr eile i scoileanna Gaeltachta. Mhol múinteoirí na smaointe seo a leanas a ba mhaith leo a fheiceáil léirithe i measc na gCoincheap, na Meonta agus na Scileanna:

- ullmhacht; aird; inspreagadh
- muinín le labhairt os ard; mothú sa ghuth le linn léitheoireachta
- scileanna éisteachta; próiseáil éisteachta; scileanna cuimhne
- briseadh síos scileanna fóineolaíochta
- scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- scileanna gramadaí; poncaíocht; eolas ar aimsirí sa scríbhneoireacht
- scileanna réamhscríbhneoireachta; caighdeán na peannaireachta

- cur chuige níos struchtúrtha i leith na seánraí scríbhneoireachta.

Mar is léir, thagair freagraí do na scileanna teanga a ba chóir a theagasc, cé go raibh roinnt díobh sin léirithe go hintuigthe nó go follasach i dtéacs an churaclaim. Bhí freagraí dáilte trasna na dtrí bhosca moltaí, gan aon bhéim ar leith le feiceáil ó thaobh a dtosaíochta de. I measc na smaointe a moladh áirítear: *tuar agus amharcléiriú in obair theanga ó bhéal; níos mó béime ar ghnéithe meicniúla na peannaireachta; úsáid an ghutha le linn léitheoireachta; ba chóir go luafaí comharthaíocht i measc gnéithe teanga; scileanna éisteachta a theagasc.* D'iarr múinteoir Gaelscoile níos mó tacaí i bhfoirm *smaointe agus samplaí*. In aighneacht scríofa amháin lorgaíodh sraith de mhíreanna bainte le réimse leathan scileanna scríbhneoireachta a bheith sna táblaí ar choincheapa, meonta agus scileanna. Mheas an te a thug an aighneacht sin freisin go raibh an teideal 'coincheapa, meonta agus scileanna teanga' débhríoch agus go mbeadh sé ina chúis mearbhaill.

Léirigh díreach faoi bhun leath na bhfreagróirí a thug freagra ar an gceist seo léirigh siad míshásamh faoin gcaoi inar scríobhadh an chuid seo den churaclam teangacha. Díríodh an chuid is mó den cháineadh ar an réim teanga a mheas daoine éagsúla a bheith *casta*, *coimpléascach*, agus *foclach*. Cúis míshásamh ar leith ba ea an ghluais a bheith curtha leis, rud a dhearbhaigh dar le roinnt daoine a achrannaí a bhí na coincheapa a léiríodh. Mhol roinnt aighneachtaí scríofa atheagair ar roinnt réimsí sa ghluais. *Meonta* is mó is cosúil a thug deacracht do na freagróirí, agus d'iarr roinnt acu go sainmhíneofaí níos soiléire na meonta agus go nascfaí iad leis na gnéithe teanga. Tuairiscíodh in aighneacht scríofa amháin nach raibh aon taithí ag na múinteoirí a raibh siad ag plé leo ar na téarmaí 'scileanna srianta' agus 'scileanna neamhshrianta'. Measadh in aighneacht eile dá mbogfaí an t-eolas ar scileanna srianta agus neamhshrianta chuig an roinn ar thorthaí foghlama go gcabhródh sé leis an roinn sin.


Iarradh in aighneachtaí scríofa go mbeadh an teanga a úsáidtear sna ranna ar réasúnaíocht, aidhmeanna agus forbhreathnú comhsheasmhach agus go soiléireofaí aon téarmaíocht neamhchoitianta sa dhá leagan teanga den doiciméad. Moladh in aighneacht scríofa amháin go n-úsáidfí scáth-théarma níos oiriúnaí ar nós `*scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge*` nó `*scoileanna meáin Ghaeilge*` chun tagairt don chomhthéacs Gaeilge. Bhí aighneacht eile ann inar luadh gurbh fhearr an téarma 'snáithaonad' seachas an téarma 'mír', mar gur mó an taithí atá ag múinteoirí ar an téarmaíocht sin. Ag glacadh san áireamh an líon comhpháirteanna nua sa churaclam teangacha, mheas roinnt freagróirí go mba chabhair ag múinteoirí léaráidí soiléire a thaispeánfadh conas a oibríonn na comhpháirteanna le chéile. Tagraíodh don sainmhíniú ar théacs in aighneacht scríofa amháin agus moladh go leasófaí é ón leagan reatha 'gach cineál úsáid teanga' chun páistí a chur san áireamh a thiocfadh a bheith neamhbhriathartha nó gan chaint.

# 4. Curaclam na Bunscoile a Úsáid

**C15: Dul chun Cinn – Iontráil go Céim 1**

Tá trí chontanam dhul chun cinn sa dréacht-churaclam teangacha, ceann amháin do gach snáithe. Tá ocht gcinn de chlocha míle dul chun cinn i ngach contanam agus iad lipéadaithe a go h. Cuireann siad seo síos, i dtéarmaí ginearálta, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt teanga páistí agus tá siad ceaptha chun tacú le múinteoirí a bhíonn ag obair le páistí a mbíonn réimse leathan cumas ina measc ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó. Is iad na contanaim seo ceann de na comhpháirteanna is úire sa churaclam i gcomparáid le curaclam 1999 don Bhéarla agus don Ghaeilge. Tugadh cuireadh do fhreagróirí i gCeist 15 den suirbhé na clocha míle a shainiú is fearr a léirigh an réimse d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí sa teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht ag tús rang na naíonán sóisearach sa bhunscoil. Tugann Fíoracha 4.1 to 4.3 forbhreathnú ar na torthaí i gcás na dtrí chomhthéacs teanga scoile.

**Fíor 4.1: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 i scoileanna Béarla**





(n=635)

Nuair a amharctar i dtús báire ar na scoileanna Béarla, tá na torthaí i bhFíor 4.1 ó 635 freagróirí mórán mar an gcéanna, trasna L1 agus L2 araon, le hionchais an leibhéil iontrála le haghaidh fhormhór na bpáistí a thosaíonn sna naíonáin shóisearacha faoi mar a leagtar amach iad sa doiciméad

comhairliúcháin (leathanach 29 sa doiciméad Béarla). Baineann an eisceacht is sonraíche le teanga ó bhéal sa L1. Ag tarraingt as tuarascálacha taighde teanga agus as forbairtí idirnáisiúnta curaclaim, moladh clocha míle dul chun cinn b, c agus d mar ionchais leibhéal iontrála do pháistí a bheadh ag tosú sna naíonáin shóisearacha. Taispeánann torthaí an tsuirbhé 19% de na freagróirí ag sainiú cloch mhíle sa teanga ó bhéal do pháistí sa Bhéarla: *Díríonn an páiste ar rud agus roinneann aird air le duine eile. Malartaíonn sé/sí aoibh nó meangadh agus déanann fuaim ghutha le freagairt. Braitheann an páiste ar an duine eile chun léirmhíniú a thabhairt ar bhrí chomhroinnte.* Seans gur léiriú é an freagra sin ar an líon freagróirí a bhíonn ag obair le páistí ar teanga bhreise acu é an Béarla.

Thug ceithre scór agus ceathrar freagróirí déag tráchtanna a dhírigh ar thrí phríomhthéama. Luaigh tríocha freagróirí, i dtaca leis an dara teanga a bhí ag an scoil, an Ghaeilge (L2), go raibh na snáitheanna léitheoireachta agus/nó scríbhneoireachta a bheag nó a mhór gan tábhacht agus iad ag smaoineamh ar naíonáin shóisearacha ag tús na scoilbhliana: *tá an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht sa 2ú teanga n/bh. sna naíonáin shóisearacha.* Is dócha gur léiriú é sin ar thaithí múinteoirí le curaclam teanga ’99 ina mbíonn litearthacht fhabhraitheach sa L2 in easnamh den chuid is mó ag leibhéal na naíonán. Fós, tugadh le fios in aighneacht scríofa go bhfuil na torthaí foghlama i nGaeilge L2 beagán ró-uaillmhianach, nuair a chuimhnítear gur beag an teagmháil a bhíonn ag páistí leis an nGaeilge lasmuigh den scoil. Bhain an dara téama a luaigh 21 freagróirí leis an réimse leathan cumais teanga i measc páistí. I dteannta a chéile, rinne na freagróirí seo tagairt ar leith d’fhoghlaimeoirí BTB, páistí le riachtanais speisialta oideachais, páistí ‘le cumas meánach’ agus páistí éirimiúla. An tríú téama a d’éirigh as na tráchtanna agus dár thagair naonúr rannpháirtithe, bhain sé le dúshláin san obair le foghlaimeoirí BTB arbh fhéidir gur 40% d’iontógáil na naíonán sóisearach iad.

**Fíor 4.2: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 trí mheán na Gaeilge: Gaelscoil**





(n=29)

Faoi mar a bhí leis na scoileanna Béarla, tá na torthaí thuas ó 29 freagróirí a bheag nó a mhór mar an gcéanna i gcéad teanga (T1) na scoile agus ina dara teanga (T2) le hionchais an leibhéil iontrála do bhunús na bpáistí a bhíonn ag tosú sna naíonáin bheaga faoi mar leagtar amach iad sa doiciméad comhairliúcháin (leathanach 28 sa doiciméad as Gaeilge). Arís, baineann an eisceacht is sonraíche leis an teanga ó bhéal in T2 (Béarla) agus 39% de na freagróirí ag lua 'a' mar phointe iontrála do pháistí ag tús a mbunoideachais. Faoi mar a luadh thuas, tagraíonn an chloch mhíle seo ar an gcontanam dul chun cinn sa teanga ó bhéal den chuid is mó do pháistí nach bhfuil máistreacht acu fós ar an gcumas smaointe a chur i bhfocail. Cé gur thug 29 de na freagróirí tuairimí sa bhreis ar phointí iontrála a shainiú ar na contanaim teanga, níor chuir siad seo i léire na torthaí ar na pointí iontrála. Thagair beirt de na freagróirí, áfach, do thábhacht an tumoideachais lena n-áirítear an tumoideachas iomlán i ranganna na naíonán:

> *Sílim go bhfuil sé an-tábhachtach an tumoideachas a aithint agus a chosaint mar chur chuige. Tá tumadh iomlán sa Ghaeilge againn sa scoil seo. Oibríonn sé. …Tá an tumadh dhá bhliain an-tábhachtach chun cumas sa teanga ina bhfaighidh siad oideachas a fhorbairt. (I think it's very important to recognise agus safeguard immersion education as an approach. We have total immersion in Irish in this school. It works…Two years of immersion is very important in order to develop an ability in the language in which they are educated.)*

**Fíor 4.3: Pointí iontrála ag tús Chéim 1 trí mheán na Gaeilge: Gaeltacht**




(n=10)


Tugann Fíor 4.3 forbhreathnú ar na torthaí ó 10 freagróirí ó scoileanna Gaeltachta. Cé gur gá a bheith cúramach tátail a bhaint as na sonraí nuair a chuimhnítear ar an líon an-bheag freagraí, is suimiúil a fheiceáil mar sin féin 'clúdach' beagán éagsúil de phointí iontrála nuair a chuirtear iad i gcomparáid le Fíoracha 4.1 agus 4.2. Seans go bhfuil sé sin ceangailte leis an déimeagrafach claochlaitheach laistigh de na scoileanna seo mar a mbíonn páistí arb é an Béarla a gcéad teanga ag clárú le hais páistí arb í an Ghaeilge an chéad teanga acu. Dhírigh ceann de na tráchtanna ar an éagsúlacht seo pointí tosaigh i bhfoghlaim teanga i measc naíonáin shóisearacha:

> *Teanga 1 – ag brath ar chúlra an pháiste. Uaireanta tagann siad gan focal Gaeilge ar bith. Uaireanta le cúpla focal, uaireanta le an-chuid, má thagann siad ó naíonra nó ó theach le Gaeilge. Beidh páistí ar chlocha míle difriúla i gcónaí. Ní féidir litir amháin a phiocadh don rang ar fad. (Language 1 – depending on the child's background. Sometimes, they come without a word of Irish. Sometimes with a few words, sometimes with a lot, if they come from a naíonra or a house with Irish. Children will always be at different milestones. A single letter can't be picked for the whole class).*

**C16: Dul chun cinn – Iontráil go Céim 2**

Thug Ceist 16 cuireadh do fhreagróirí an chloch mhíle (na clocha míle) a shainiú ab fhearr a léirigh raon foghlaim agus forbairt teanga páistí sa teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht ag tús Rang 1 sa bhunscoil. Tugann Fíoracha 4.4 go 4.6 forbhreathnú ar na torthaí i gcás na dtrí chomhthéacs teanga scoile.

**Fíor 4.4: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 i scoileanna Béarla**




(n=595)

D'fhreagair líon iomlán de 595 múinteoirí a bhíonn ag obair i scoileanna Béarla an cheist seo. Cé go bhfuil roinnt cosúlachtaí ag na torthaí a léirítear thuas le hionchais an leibhéil iontrála faoi mar a leagtar amach iad sa doiciméad comhairliúcháin (leathanach 29 sa doiciméad Béarla), tá roinnt difríochtaí suntasacha ann freisin. Ag tosú le foghlaim na chéad teanga (Béarla), mhol an doiciméad comhairliúcháin clocha míle dul chun cinn d, e agus f mar ionchais an leibhéil iontrála do pháistí atá a bheadh ag tosú i Rang 1. Léiríonn torthaí an tsuirbhé go sainíonn 18% de fhreagróirí cloch mhíle c:

> *Tagraíonn an páiste do ghnáthrudaí agus imeachtaí, agus eispéiris chomhroinnte. Úsáideann sé/sí teanga ón mbaile agus óna dtimpeallacht chun cumarsáid a dhéanamh. Úsáideann an páiste leideanna neamhbhriathartha chun cabhrú le teanga labhartha a thuiscint agus nuair a bhíonn siad ag comhroinnt brí ruda le daoine eile. Úsáideann an páiste gnásanna sóisialta simplí le linn idirghníomhaithe. Freagraíonn sé/sí ag léiriú tuiscint áirithe do dhaoine eile.*


Ina theannta sin, roghnaigh 6% agus 8% de fhreagróirí pointí a agus b faoi seach mar phointí iontrála. Níor thaise don léitheoireacht ná don scríbhneoireacht é, dhírigh an doiciméad comhairliúcháin ar phointí d, e agus f cé gur shainigh cion suntasach freagróirí pointí a (6%), b (8%) agus c (15-16%) freisin. Ag breathnú trasna na dtrí snáithe, b'fhéidir gur léiriú é an mhinicíocht lenar aibhsíodh pointí a, b agus c ar an líon múinteoirí a bhíonn ag obair le páistí a bhfuil BTB nó RSO acu. Ag breathnú ar fhoghlaim an dara teanga (Gaeilge) dúinn, tagann na torthaí don teanga ó bhéal leis na pointí iontrála molta faoi mar a leagtar amach iad sa doiciméad comhairliúcháin. Léiríonn na torthaí áfach, go bhfuil na pointí

iontrála don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht (b agus c) róchaol agus gur chóir go nglacfaí pointí a agus d san áireamh freisin.

Bhí ceathrar freagróirí déag agus trí scór a thug tuairimí ar phointí iontrála páistí go céim 2. Tháinig trí phríomhthéama chun cinn iontu seo a raibh an mhinicíocht chéanna leo. Thrácht ochtar freagróirí déag ar an easpa taithí a bhí acu a bheith ag obair le páistí ag leibhéal rang 1 agus Rang 2 agus dá réir sin a n-éiginnteacht maidir le pointí iontrála a lua d'fhormhór na bpáistí a thosaíonn i Rang 1. Thagair cúigear freagróirí déag go sainiúil do shnáitheanna na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta agus luaigh siad a neamhábharthacht sin i gcás L2 do pháistí i Rang 1. Thug beirt den cheathrar déag seo le fios go raibh siad ag obair ar bhonn an churaclaim reatha Gaeilge do bhunscoileanna. Bhain an tríú téama a d'éirigh aníos sna sonraí agus a nótáil cúigear déag freagróirí, bhain sé leis an raon pointí tosaigh d'fhoghlaim agus d'fhorbairt teanga páistí i Rang 1. Ag mionsaothrú an phointe sin do fhreagróirí, luaigh siad indibhidiúlacht páistí mar fhoghlaimeoirí, a gcúlraí agus riachtanais foghlaim teanga i measc páistí a bhfuil BTB nó RSO acu.

Tuairiscíodh in aighneacht scríofa gur fháiltigh múinteoirí roimh na contanaim agus mheas siad go raibh siad ina gcabhair mhór thacaíochta don phleanáil agus don teagasc. Mhol siad na tagairtí dearfacha le taitneamh na léitheoireachta agus fócas ar léitheoireacht neamhspleách agus bhraith siad gur réidh a thiocfadh iad a chomhtháthú le clár *Aistear*. Luaigh aighneacht scríofa amháin, nach léir cé acu atá na clocha míle dul chun cinn ná na contanaim dhul chun cinn mar an gcéanna i nGaeilge agus i mBéarla do gach páiste. Bhí roinnt aighneachtaí scríofa eile ann a thug rabhadh gan tagairt do phointí iontrála a moladh sna contanaim chun nach mbeadh riosca ann ar chaighdeánú. Ach moladh in aighneacht eile arís go gcuirfí fáilte roimh threoir i dtaca leis an áit a n-ionadófaí an leanbh 'meánach' feadh na gcontanam ag gach leibhéal ranga. Ba dhóigh leis an té a scríobh an aighneacht chéanna sin go raibh eolas ar chomhchiallaigh ag céim 2 ró-uaillmhianach. Luadh gur gá a shoiléiriú do mhúinteoirí conas a thiocfadh leo an clár na Chéad Chéimeanna a úsáid i gcomhar leis na contanaim dhul chun cinn.


**Fíor 4.5: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 trí mheán na Gaeilge: Gaelscoil**




(n=27)

Tá na torthaí i bhFíor 4.5 ó 27 freagróirí a bheag nó a mhór mar an gcéanna don teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht in T1 (Gaeilge) le hionchais an leibhéil iontrála do bhunús na bpáistí ag tosú i Rang 1 faoi mar a leagtar amach iad sa doiciméad comhairliúcháin (leathanach 28 sa doiciméad as Gaeilge). I gcás na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta, shainigh 19% agus 11% de fhreagróirí faoi seach pointe f mar phointe iontrála sa bhreis ar c-e. I gcás T2 (Béarla), b'fhéidir gur gá na pointí iontrála a moladh don teanga ó bhéal a shíneadh siar chun cloch mhíle c a thabhairt san áireamh ar roghnaigh 11% de fhreagróirí é agus ansin bhí 7% ann a roghnaigh cloch mhíle g. Don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht, tá na pointí iontrála a moladh sa dréacht-churaclam beagán níos caoile ná iad siúd a léirítear sna torthaí: c-e i gcomparáid le c-g. Thug seisear de na 24 freagróirí tuairimí a thug le fios go raibh siad ar bheagán taithí ag teagasc Rang 1, an raon cumais i rang ar leith agus a réidhe a mheas siad a bheadh siad ábalta na contanaim dhul chun cinn a úsáid agus a thuiscint.

**Fíor 4.6: Pointí iontrála ag tús Chéim 2 trí mheán na Gaeilge: Gaeltacht**





(*n*=10)

D'fhreagair 10 múinteoirí a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta ceist 16. Faoi mar a aibhsíodh san anailís ar cheist 15, ní mór a bheith aireach agus muid ag baint tátail as sonraí a bhfuil a laghad sin rannpháirtithe bainte leo. Mar sin féin, tugann an torthaí roinnt breathnuithe suimiúla. I gcás T1 (Gaeilge), tá na pointí iontrála a moladh doiciméad comhairliúcháin (clocha míle c-f) níos faide chun cinn i bhfoghlaim teanga páistí ná iad siúd a léirítear sna sonraí thuas (clocha míle a-e). I gcás na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta in T1, ba léir ó na sonraí thuas gur pointí iontrála chuig Céim 2 iad pointí a agus b le haghaidh líon suntasach páistí ag tosú i Rang 1. Ag breathnú ar T2 (Béarla) dúinn, arís tá na pointí iontrála a moladh socraithe ag áit níos faide chun tosaigh ar na contanaim dhul chun cinn sa dréacht-churaclam farradh is mar atá sna torthaí thuas. Faoi mar a bhí an cás le ceist 15, seans gur léiriú é na torthaí seo ar dhéimeagrafach athraithe i scoileanna i gceantair Ghaeltachta. Thug freagróir amháin tuairim inar thrácht sé ar an easpa fócais ar an mBéarla suas chomh fada le tús Rang 1.

**C17: Samplaí d'obair páistí**

Tugadh cuireadh do fhreagróirí a dtuairim a thabhairt ar an tairbhe a bhaineann le samplaí d'obair páistí atá nasctha le torthaí foghlama agus leis na contanaim chun foghlaim agus forbairt teanga páistí a chur chun cinn. Chuir bunús na bhfreagróirí (89%) in iúl go mbeadh samplaí *cúntach* (31%) nó *an-chúntach* (58%) acu. Mheas mionlach (2.4%) go mbeadh na samplaí *neamhchúntach* nó *an-neamhchúntach*.

**Fíor 4.7: An chúntacht le samplaí d'obair páistí**




(*n*=756)

Luaigh freagróirí ó scoileanna Béarla an tábhacht le raon leathan samplaí a bheith ann ó gach ceann de na snáithe curaclaim, agus iad an nascadh le pointí ar na contanaim teanga agus bainteach le comhthéacsanna ar leith. Téama coitianta eile ó fhreagróirí i scoileanna Béarla ab ea úsáideacht na samplaí mar léiriú ar dhul chun cinn i bhforbairt teanga páistí. Chonacthas do fhreagróirí freisin samplaí d'obair páistí a bheith ina bpointí úsáideacha tagartha agus iad ag míniú do thuismitheoirí faoi fhorbairt teanga sa bhunscoil.

Tháinig an freagra is dearfaí ar bith i leith samplaí d'obair páistí ó fhreagróirí i nGaelscoileanna. As na 24 freagróirí, léirigh 22 (92%) acu go mbeadh na samplaí cúntach nó an-chúntach acu, bhí an mhuintir eile idir dhá chomhairle. Dhírigh freagróir amháin aird ar ualach oibre múinteoirí agus ar na srianta ama a bhíonn orthu. Thóg freagróirí ó scoileanna Gaeltachta an pointe seo freisin.

Léirigh freagróirí ó scoileanna Gaeltachta gur aontaigh siad go mór (77%) le húsáid samplaí d'obair páistí a nascann le torthaí foghlama agus leis na contanaim dhul chun cinn. As na 17 freagróirí, luaigh beirt go mbeadh na samplaí *neamhchúntach* nó *an-neamhchúntach*. Mhínigh an dá fhreagróir sin

gurb é ualach oibre méadaitheach múinteoirí agus an bhéim mhéadaitheach ar mheasúnú i mbunscoileanna faoi deara a bhfreagra.

**C18: Treoirleabhair Cleachtais**

I gceist 18 tugadh cuireadh do fhreagróirí a dtuairimí a roinnt ar fhorbairt na dtreoirleabhar cleachtais chun tacú le teagasc agus le foghlaim teanga. Tugadh liostaí de threoirleabhair chleachtais atá á bhforbairt cheana i réamhrá na ceiste. I gcás an Bhéarla, bhí treoirleabhair ina measc seo ar stóir focal páistí, smaointeoireacht chriticiúil agus leabharchaint, scríbhneoireacht reatha ó naíonáin bheaga, páistí a chur i mbun litríochta, léitheoireacht threoraithe, Amharclann Léitheora, súgradh sochdhrámata agus foghlaim teanga, ag tacú le léitheoireacht páistí sa bhaile agus an cheardlann scríbhneoireachta.

Bhí 236 san iomlán a d’fhreagair an cheist seo. De réir anailíse ar na freagraí ón raon cineálacha scoile, is iad na réimsí teanga ó bhéal (n=56), fónaic (n=45) agus straitéisí tuisceana (n=39) a tháinig amach mar réimsí inar braitheadh a mbeadh treoirleabhair chleachtais ag teastáil. Luaigh freagróirí ó na cineálacha scoile go léir an gá le treoirleabhar cleachtais ar an bhfónaic bainteach le múineadh an Bhéarla. Thagair roinnt díobh sin a dhírigh ar straitéisí tuisceana, don chur chuige ‘Droichid na Tuisceana a Thógáil’ i leith forbairt tuisceana. Is múinteoirí i scoileanna a mheastar a bheith faoi míbhuntáiste (DEIS) (15 tráchtanna as 29), a mhaígh gur gá díriú go háirithe ar an teanga ó bhéal agus i dtaca le múinteoirí i scoileanna speisialta de is ar straitéisí ginearálta cumarsáide a leag siadsan béim amhail leideanna neamhbhriathartha, scileanna comhrá agus scileanna sóisialta. Thuairisc aighneacht scríofa amháin gur iarr múinteoirí a raibh siadsan i dteagmháil leo treoir chun cabhrú le páistí BTB. Is iad na réimsí inar dúradh go raibh tacaíocht ag teastáil conas is fearr tacú le páistí meas a bheith acu ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar éagsúlacht teangacha, agus a gcumas chun teangacha difriúla a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla chun cumarsáid a dhéanamh.

Maidir leis an nGaeilge, cuireadh in iúl sa cheist do fhreagróirí go bhfuil treoirleabhair chleachtais á bhforbairt ar a n-áirítear: Conas litríocht na nÓg a úsáid d’fhonn straitéisí tuisceana a fhorbairt; Cur chuige cumarsáideach; Eolas le haghaidh Tuismitheoirí: conas tacú leis an nGaeilge agus litearthacht na Gaeilge; Fónaic na Gaeilge; Gníomhaíochtaí litearthachta/ fónaic; Graiméar na Gaeilge; Leabhair phictiúir gan focail sa seomra ranga; Léitheoireacht faoi threoir; Scéalta mar áis teanga i rang na Naíonán; Taifead Reatha.

Bhí 53 freagraí ar an gcuid seo den cheist. Ón anailís ar na freagraí ó na cineálacha difriúla scoile is iad na réimsí ábhar tacaíochta (n=10), úsáid amhrán/rímeanna/dánta (n=5) agus úsáid na drámaíochta

(n=5) a tháinig chun cinn i dteagasc na Gaeilge mar réimsí tábhachtacha le haghaidh treoirleabhar cleachtais a fhorbairt. Mar is léir sa líon freagraí aibhsíodh an gá le hábhar tacaíochta Gaeilge. Is iad na freagróirí go háirithe i scoileanna Gaeilge Gaeltachta is mó a nocht an tuairim sin. Dhírigh na freagróirí aird ar an ngá le leabhair léitheoireachta, leabhair teagaisc iomlán ranga, acmhainní idirghníomhacha agus tascanna éisteachta i nGaeilge. Mar an gcéanna, iarradh ar aighneacht scríofa treoirleabhar mionsonraithe cleachtais ar inaistritheacht scileanna teanga a éascú don Ghaeilge. I scoileanna Béarla cuireadh béim ar leith ar an ngá le treoirleabhar cleachtais ar Ghaeilge a theagasc trí dhrámaíocht. Leag aighneachtaí scríofa an bhéim ar na ngá le treoirleabhair shoiléire sna réimsí forbairt stór focal, feasacht mhoirfeolaíoch, fónaic agus tuiscint. Luaigh aighneacht scríofa amháin go mbeadh sé ina chabhair tosaíocht a dhéanamh den obair ar an roinn den churaclam a bhaineann le 'pleanáil agus teagasc' agus é sin a thabhairt do mhúinteoirí roimh na torthaí agus na contanaim chun ligean do mhúinteoirí modhanna difriúla teagasc éifeachtach teangacha a thriail agus a úsáid. Bíodh is gur fáiltíodh roimh shamplaí den churaclam á chur i ngníomh in aiseolas scríofa ina dhiaidh, braitheadh gur chóir go léireodh ábhar tacaíochta (m.sh. físeáin) réadúlacht an chomhthéacs scoile i dtéarmaí méideanna ranganna móra. Lorgaíodh freisin, san aighneacht chéanna, tuilleadh tacaíochta i réimsí amhail léitheoireacht threoraithe, measúnú sa teanga ó bhéal, agus ábhair idirghníomhacha i nGaeilge agus i mBéarla araon.

I dtaca le réimse an mheasúnaithe i roinn 4 ar an gcuraclam a úsáid, d'aibhsigh roinnt aighneachtaí scríofa a bhí dírithe ar an nGaeilge ar thábhacht an mheasúnaithe d'fhoghlaim teanga agus d'iarr siad níos mó mionsonraí ar an ngné sin den chleachtas. Moladh in aighneachtaí freisin go bhféadfadh Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) agus Portfóilió Teanga na hEorpa (PTE) cabhrú le cúrsaí pleanála agus measúnaithe i bhfoghlaim an dara teanga. I gcás amháin, braitheadh gur gníomh fritorthúil don Ghaeilge i scoileanna Béarla an riachtanas go ndéanfaí tástáil chaighdeánaithe sa Ghaeilge i scoileanna Gaeilge. Ba é a mhol aighneachtaí eile gur chóir go mbeadh tástáil éigeantach ann sa Ghaeilge do gach páiste i suíomhanna Gaeltachta. Ina theannta sin, moladh go bhforbrófaí trialacha caighdeánaithe sa Bhéarla mar dhara teanga do scoileanna Gaeilge Gaeltachta.


# 5. Torthaí foghlama

**C19: Líon agus cineál na dtorthaí foghlama**

Iarradh ar fhreagróirí i gceist 16 a chur in iúl a oiread a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad leis na torthaí foghlama go ginearálta. Iarradh orthu a rá cé acu a mheas siad an líon torthaí a bheith oiriúnach, cé acu a bhí an teanga ina cuireadh iad i bhfriotal intuigthe, cé acu a bhí fáilte roimh mheonta agus scileanna a bheith á gcur taobh le coincheapa agus cé acu a measadh an míniúchán i roinn a sé ar choincheapa, meonta agus scileanna a bheith ina chabhair le hais na dtorthaí.


Is lú an líon torthaí atá i nDréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile ná a bhí i gcuraclam 1999 agus 67% díobh seo á síneadh amach thar an dá chéim. Mar a léirítear i bhFíor 5.1, bhí 723 múinteoirí ann san iomlán a thug freagra ar cheist 19, bhí 670 múinteoirí acu sin i scoileanna Béarla, 32 múinteoirí i nGaelscoileanna agus 22 múinteoirí i scoileanna Gaeltachta a chuir in iúl a láidre a mheas siad a bhí an líon torthaí oiriúnach dá gcomhthéacs scoile féin. Bhí a mbunús i ngach ceann de na comhthéacsanna scoile ar aon intinn faoi líon na dtorthaí. Is iad na múinteoirí sna Gaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta os mó a thug tacaíocht dóibh, le 81% agus 82% faoi seach *a d'aontaigh* nó *a d'aontaigh go mór*. Ba chóir a nótáil, áfach, ag cuimhneamh ar mhéid bheag an tsampla de freagróirí i scoileanna Gaeltachta gur deacair b'fhéidir, an toradh seo a áireamh ina thuairim ghinearálta. Bhí 75% de na múinteoirí i scoileanna Béarla freisin *a d'aontaigh* nó *a d'aontaigh go mór* leis an líon torthaí.

**Fíor 5.1: Oiriúnacht an lín torthaí – trí chomhthéacs teanga**




($n$1=670, $n$2=32, $n$3=22)

**Fíor 5.2: Oiriúnacht an lín torthaí – trí chineál scoile**





(*n*1=127, *n*2=164, *n*3=24)

Rinneadh scagadh breise ar na torthaí go bhfeicfí an mbeadh aon tionchar ag an teagasc i gcomhthéacs ar leith scoile, amhail scoil a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste aici (DEIS), scoil bheag/ilghráid nó scoil speisialta, ar bharúlacha múinteoirí faoin líon torthaí. San iomlán, d'fhreagair 127 múinteoirí i scoileanna DEIS, 164 i scoileanna beaga agus 24 i scoileanna speisialta an cheist seo. As measc na ngrúpaí sin, is iad na múinteoirí is mó a d'aontaigh iad siúd a bhí ag teagasc i scoileanna speisialta. D'aontaigh seacht a seacht faoin gcéad de mhúinteoirí i scoileanna DEIS agus i scoileanna beaga leis an líon torthaí foghlama agus ansin bhí 23% ann a bhí éiginnte nó a d'easaontaigh.

Astu sin a *d'easaontaigh* nó *a d'easaontaigh go mór* leis an líon torthaí, ba mhúinteoirí i scoileanna Béarla a mbunáite sin, le 6% (40) de na múinteoirí sin a thuairisc go raibh siad in easaontas leis an líon torthaí. Bhí dáréag de na múinteoirí sin ag obair i scoileanna DEIS. Thug naonúr den 40 múinteoirí sin freagraí scríofa. Bhraith beirt acu go raibh na torthaí ródhoiléir nó róleathan agus, ós rud é gur leath siad amach thar cheithre bliana, go mbeadh siad deacair ag múinteoirí a bhriseadh síos. Bhí macallaí de sin i roinnt aighneachtaí scríofa mar a luadh buaireamh faoi fhairsinge na dtorthaí agus an fhéidearthacht go ndéanfadh sé sin an phleanáil níos deacra. B'fhéidir go dtiocfadh aghaidh a thabhairt ar an gceist sin i mionsonraí na dtrí chontanam dul chun cinn. Mhothaigh múinteoir amháin go raibh an iomarca torthaí ann agus chreid duine eile iad a bheith *rófhoclach* agus b'fhéidir *rófhada*.

San iomlán bhí 74 múinteoirí ó na trí chomhthéacs scoile a thug trácht scríofa ar an gceist faoi na torthaí foghlama, ní raibh ann ach 3 díobh sin (4%) a thagair don líon torthaí é féin agus a mheas go mb'fhéidir go raibh an iomarca acu ann. Chuir páirtithe oideachais in iúl go raibh siad sásta leis an líon torthaí ina gcuidse aighneachtaí scríofa.

**Fíor 5.3: Inrochtaineacht na teanga ina gcuirtear na torthaí i bhfriotal– trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=671, *n*2=33, *n*3 =15)

San iomlán, d'fhreagair 719 rannpháirtithe suirbhé an cheist ar inrochtaineacht nó intuigtheacht na teanga a úsáidtear sna torthaí—671 i scoileanna Béarla, 33 i nGaelscoileanna agus 15 i scoileanna Gaeltachta. D'aontaigh formhór na múinteoirí as gach ceann de na trí chomhthéacs scoile leis an teanga a úsáideadh. As na 74 múinteoirí a rinne tráchtaireacht scríofa, thagair 31% (26) díobh go sonrach don teanga a úsáidtear i gcáipéis an dréacht-churaclaim. Luaigh roinnt acu go mb'fhéidir go bhfuil barraíocht i gceist i ngach toradh agus dúirt naonúr múinteoirí go raibh na torthaí *rófhoclach* agus d'iarr iad a bheith níos gonta. A dhála sin, d'fhiafraigh páirtithe oideachais trína gcuid aighneachtaí scríofa, cé acu a bhí na torthaí róleathan agus bhraith siad gurbh fhearr dóibh a bheith níos sainiúla. Cheap siad freisin ach na contanaim dhul chun cinn a fheiceáil ina n-iomláine agus naisc shoiléire a fheiceáil déanta idir na torthaí agus na contanaim go mba chabhair mhór é. D'iarr seachtar déag múinteoirí go ndéanfaí an teanga a shimpliú. Is féidir go raibh na múinteoirí sin ag nascadh téarmaíocht sna torthaí leis na táblaí coincheap, meonta agus scileanna sa roinn forbhreathnaithe. Luaigh aighneacht scríofa amháin go raibh seans ann go meascfaí na táblaí coincheap, meonta agus scileanna le táblaí na dtorthaí foghlama a bhí mórán mar an gcéanna leo i gcosúlacht.

Os a choinne sin, mhol deichniúr múinteoirí eile na torthaí á rá go riabh siad níos soiléire, níos achoimre agus níos éasca a úsáid ná an t-ábhar a bhí i spriocanna churaclam 1999.

D'fhreagair 739 freagróirí san iomlán an cheist faoi mheonta agus scileanna sna torthaí agus an tairbhe a bhain le roinn a thug míniúchán orthu sin taobh le coincheapa. Chuir seachtó a seacht faoin gcéad fáilte roimh an mbreiseán seo agus d'aontaigh 81% go mba chabhair é míniúcháin a sholáthar. As na 74 freagróirí a thug tráchtaireacht scríofa, ba mhian le triúr acu na meonta a bheith níos follasaí sna torthaí. Mhol cúigear freagróirí nach mbeadh gluais riachtanach dá simpleofaí an teanga a úsáidtear

cé gur dhóigh le múinteoir amháin i scoil Bhéarla go raibh roinn 6 ina cabhair chun na torthaí don Ghaeilge a thuiscint.


Dhírigh tríocha naoi faoin gcéad (29) de na freagróirí a thug tráchtaireacht scríofa ar leagan amach agus ar chur i láthair na dtorthaí. Shíl roinnt acu go raibh na táblaí deacair a léamh nó na dathanna ina gcur isteach agus ansin mhol léitheoirí eile go n-úsáidfí pointí urchair agus ceannlínte níos soiléire. Mhol fiche a trí faoin gcéad (17) na torthaí nua go hard agus thagair siad dá n-úsáideacht mar chritéir mheasúnaithe, a soiléire agus a bhfócas praiticiúil. D'iarr roinnt aighneachtaí scríofa go mbeadh naisc shoiléire ann a d'aibhseodh aon áit a dtarlaíonn aistriú scileanna trasna teangacha.

**C20: Oiriúnacht na dtorthaí foghlama**

Iarradh freagraí i gceist 20 ar oiriúnacht na dtorthaí foghlama do pháistí i gcéimeanna 1 agus 2 sa chéad agus sa dara teanga i scoileanna. Scagadh na sonraí de réir comhthéacs teanga scoile. Rinneadh scagadh breise ar na torthaí ansin go bhfeicfí cé acu a bhí tionchar ar na torthaí ag tosca comhthéacsúla eile amhail feidhmiú i scoil le stádas DEIS, scoil níos lú/ilghráid nó scoil speisialta.

Sa chead chuid den cheist breathnaíodh ar oiriúnacht ghinearálta na dtorthaí le haghaidh céimeanna 1 agus 2. San iomlán, thug 694 rannpháirtithe suirbhé freagra ar an gceist agus ba mhúinteoirí iad 675 díobh sin. Mheas formhór na múinteoirí sna trí comhthéacs teanga na torthaí a bheith oiriúnach faoi mar a léirítear i bhFíor 5.4.


**Fíor 5.4: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2 – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=641, *n*2=24, *n*3=10)


Iarradh ansin ar fhreagróirí léargais níos mionsonraí a thabhairt maidir leis an méid a d'aontaigh siad le hoiriúnacht na dtorthaí. Iarradh orthu oiriúnacht na dtorthaí don dá chéim a áireamh in idir an chéad teanga agus an dara teanga sa scoil. Léiríonn Fíoracha 5.5 to 5.10 na freagraí ó gach ceann de na trí chomhthéacs teanga agus freisin na freagraí ó múinteoirí a bhíonn ag teagasc i scoileanna DEIS, scoileanna beaga/ilghráid agus scoileanna speisialta chun pictiúr níos cruinne a sholáthar.

**Fíor 5.5: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 1, an chéad teanga – trí chomhthéacs teanga**





(*n*1=656, *n*2=33, *n*3=14)

**Fíor 5.6: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 2, an chéad teanga – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=641, *n*2=33, *n*3=13)

**Fíor 5.7: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2, an chéad teanga – trí chineál scoile**





(*n*1=211, *n*2=308, *n*3=40)

I scoileanna Béarla chuir 82-84% (523-553) de mhúinteoirí fáilte den chuid is mó roimh na torthaí foghlama do chéad teanga na scoile le haghaidh céimeanna 1 agus 2. As measc na múinteoirí sin ó scoileanna Béarla a d'fháiltigh roimh na torthaí, bhí 3% (24) díobh i scoileanna speisialta agus 17% (120) i scoileanna DEIS. As measc an 15-19% (103-118) de mhúinteoirí i scoileanna Béarla a bhí *idir dhá chomhairle* nó a *d'easaontaigh*, d'oibrigh 15% (15) díobh i scoileanna le stádas DEIS. Léirigh tuairimí ó na múinteoirí sin go raibh tuilleadh ama ag teastáil uathu chun dul i dtaithí ar na hábhair le bheith ábalta tuairim chothrom a thabhairt. Bhraith roinnt de na freagróirí seo go raibh na torthaí rófhada agus gurbh fhearr dá mbeadh siad níos sainiúla faoi mar a luadh le freagraí ar C19. Bhí fiosrú ann maidir le hoiriúnacht an toraidh ar scríbhneoireacht reatha le haghaidh chéim 1, tháinig an fiosrú sin aníos in aighneachtaí scríofa. Mhol aighneacht amháin gan díriú ar chur chuige an phróisis amháin i leith na scríbhneoireachta agus loirg siad réimse cuir chuige amhail, scríbhneoireacht straitéiseach, bunaithe ar sheánra, scríbhneoireacht chun foghlama agus cinn eile nach iad.

Sa dá earnáil Ghaeilge cuireadh fáilte roimh na torthaí do chéad teanga na scoile, Gaelscoileanna 85-88% (28-29) agus Gaeltacht 78-85% (11). Is as scoileanna DEIS a tháinig ceathrar de na freagróirí seo san earnáil Ghaeilge. Bhí 12-21% (2-5) de na múinteoirí sa dá chomhthéacs Ghaeilge éiginnte nó mheas siad na torthaí a bheith mí-oiriúnach. De bharr an líon freagróirí a bheith chomh beag sin ba dheacair a mhaíomh go bhfuil na torthaí sin forleathan. As measc na 36 múinteoirí ón earnáil Ghaeilge a d'fhreagair ceist 20, thug seisear tráchtaireacht scríofa. Mheas freagróir amháin gur chóir seánraí gramadaí agus scríbhneoireachta a chur siar go dtí rang 3 óir is mó an spéis bheadh ag páistí iontu ansin mar réimse nua. D'iarr múinteoir amháin liostaí foclóra do gach céime agus bhraith múinteoir eile go mb'fhéidir go mbeadh páistí níos faide chun cinn ná an caighdeán a cuireadh in iúl ag glacadh san áireamh dul chun cinn i gcúrsaí fónaice ar na mallaibh. D'iarr na múinteoirí ón earnáil Ghaeilge a chuir isteach aighneachtaí scríofa go ndéanfaí níos soiléire sna torthaí línte forbartha i gcruinneas,


fónaic agus foclóir dóibh siúd a bhíonn ag foghlaim Gaeilge mar  teanga. Iarradh an méid sin doimhneachta in aighneacht scríofa amháin do na réimsí seo: foclóir, fóineolaíocht, moirfeolaíocht, agus straitéisí tuisceana, don dá theanga i ngach ceann de na comhthéacsanna scoile.  Iarradh freisin san aighneacht chéanna teagasc foirmeacha díreach sna réimsí a bhaineann le poncaíocht, prionsabal aibítreach, seánraí scríbhneoireachta agus teanga ó bhéal don dá theanga i ngach comhthéacs scoile. Braitheadh in aighneacht scríofa eile arís, cé gur féidir go mbeidh na torthaí don Ghaeilge oiriúnach do pháistí i scoileanna Gaeltachta go mba ghá iad a dhifreáil do phaistí i nGaelscoileanna, nach í an Ghaeilge teanga baile a lán díobh. D'aibhsigh aiseolas scríofa eile go raibh na torthaí foghlama i léitheoireacht agus i scríbhneoireacht don Ghaeilge mar dhara teanga ró-uaillmhianach. A dhála sin, bíodh is gur tagraíodh do chultúr agus d'oidhreacht sna haidhmeanna, d'iarr údair na n-aighneachtaí scríofa go dtreiseofaí an tagairt sin sna torthaí foghlama agus sna contanaim dhul chun cinn.

**Fíor 5.8: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 1, an dara teanga– trí chomhthéacs teanga**





(*n*1=622, *n*2=32, *n*3=14)

**Fíor 5.9: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh chéim 2, an dara teanga – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=616, *n*2=33, *n*3=13)

**Fíor 5.10: Oiriúnacht torthaí foghlama le haghaidh céimeanna 1 agus 2, an dara teanga – trí chineál scoile**




(*n*1=208, *n*2=289, *n*3=34)

Mheas mórchuid na múinteoirí (68-69%:416-431) i scoileanna Béarla na torthaí foghlama don Ghaeilge mar dhara teanga sa scoil, i gcéimeanna 1 agus 2, a bheith oiriúnach. As measc na múinteoirí áfach, a bhí idir dhá chomhairle nó a mheas na torthaí a bheith mí-oiriúnach don Ghaeilge mar dhara teanga sa scoil, tugadh faoi deara gur mhó a líon siúd ná an líon a shíl sin do chéad teanga na scoile, an Béarla. Bhí líon iomlán de 30-32% (191-200) de mhúinteoirí a bhí idir dhá chomhairle nó a mheas na torthaí a bheith mí-oiriúnach do dhara teanga na scoile, agus bhí a mbunús sin 25-27% (158-168) éiginnte. As measc na múinteoirí i scoileanna Béarla a bhí éiginnte mar sin, bhí 11% (16-18) díobh i scoileanna DEIS agus 2% (3) i scoileanna speisialta. Luaigh dáréag de na múinteoirí sin gurbh é príomhchúis a n-éiginnteachta nach raibh a sá ama acu chun bheith ag plé leis na hábhair agus mhothaigh beirt mhúinteoirí go raibh na torthaí 'rófhoclach'. Chreid múinteoir amháin nach dtiocfadh léi trácht ar chéim 2 mar nach raibh aici ach taithí le naíonáin agus chreid múinteoir eile nár tugadh

aon aitheantas do theanga baile páistí BTB, tuairim a bhí le fail freisin sna h aighneachtaí scríofa ó pháirtithe oideachais.

Mheas cúig faoin gcéad (32-33) de mhúinteoirí i scoileanna Béarla torthaí an dara teanga don Ghaeilge a bheith mí-oiriúnach. As measc an ghrúpa sin múinteoirí, bhí 33% (11) díobh ag teagasc i scoileanna DEIS. Thug múinteoir déag acu tuairimí scríofa ag leagan amach an phríomhchúis a bhí siad ag cur ina gcoinne; mhothaigh na freagróirí seo nár chóir go mbeadh aon toradh ann don léitheoireacht ná don scríbhneoireacht sa dara teanga sa scoil do chéim 1. I gcontrárthacht leis sin, d'fháiltigh na haighneachtaí scríofa gur cuireadh isteach torthaí litearthachta neamhfhoirmiúla don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht sa dara teanga i scoileanna Béarla do pháistí i gCéim 1. D'aithin siad nuair nach mbeadh baint ag páistí sna ranganna naíonán le scileanna litearthachta foirmiúla don léitheoireacht ná don scríbhneoireacht sa dara teanga sa scoil, thabharfadh na torthaí deiseanna luachmhara do pháistí chun dul i ngleic leis an litearthacht agus leis an bhfocal scríofa ar bhonn neamhfhoirmiúil. Thug siad an foláireamh go mba ghá é seo a mhíniú do mhúinteoirí ón tús mar ach ab é sin go bhféadfadh múinteoirí míléamh a dhéanamh ar thorthaí a thugtar don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht i ndara teanga na scoile i gcéim 1. As measc na múinteoirí eile a rinne tráchtaireacht, bhraith duine amháin go raibh na torthaí rófhada agus mheas beirt mhúinteoirí go raibh an leibhéal ró-íseal iontu. D'iarr triúr múinteoirí go gcuirfí ar fáil as Béarla na torthaí foghlama don Ghaeilge do mhúinteoirí i scoil Bhéarla.

Go hiondúil fáiltíodh roimh na torthaí don Bhéarla mar dhara teanga na scoile sna hearnálacha Gaeilge agus Béarla araon, agus 84-85% (27-28) de na múinteoirí i nGaelscoileanna agus 85% (11-22) de mhúinteoirí Gaeltachta ag meas iad a bheith oiriúnach. Bhí ceathrar múinteoirí i nGaelscoil agus duine amháin i scoil Ghaeltachta idir dhá chomhairle faoi na torthaí do dhara teanga na scoile agus ar an drochuair níor thrácht siad ar an gcúis a bhí leis sin. Bhí múinteoir amháin i nGaelscoil agus duine eile i scoil Ghaeltachta a shíl go raibh na torthaí mí-oiriúnach. Faoi mar a luadh cheana, as siocair an líon freagróirí ón earnáil Ghaeilge a bheith chomh beag sin is deacair tuairim ghinearálta a dhéanamh de na torthaí seo.

I gcás na dtorthaí, dhírigh aighneachtaí scríofa go príomha ar an teanga ó bhéal le tagairt ar leith do scil na héisteachta. Cé gur aithníodh sna haighneachtaí go raibh tábhacht na héisteachta intuigthe i bhforbhreathnú an churaclaim agus sna torthaí foghlama, chuir siad an imní in iúl mura mbeadh tagairtí follasacha ann, go raibh baol ann nach dtabharfadh múinteoirí don scil an aird atá ag teastáil uaithi. Rinneadh an pointe sin acu siúd a bhíonn ag obair in oideachas Béarla agus Gaeilge araon. Rinneadh roinnt moltaí go gcuirfí isteach torthaí foghlama a dhíríonn go sonrach ar an éisteacht, agus an snáithe Teanga ó Bhéal a athainmniú mar Teanga ó Bhéal (Éisteacht agus Labhairt). In aiseolas ina


dhiaidh sin, ceistíodh oiriúnacht na fréimhe 'I gcomhpháirt leis an múinteoir is ceart go ndéanfadh páistí na nithe seo a leanas' agus 'Ba cheart do pháistí a bheith in ann' agus cuireadh in iúl gurbh fhearr an fhréamh roimhe 'cuirfear ar chumas an pháiste' a measadh a bheith ag teacht níos mó le dul chun cinn. Bhí buaireamh eile ann faoin úsáid a bhainfí as na torthaí foghlama agus as na contanaim dhul chun cinn lastall den phleanáil sa seomra ranga agus den mheasúnú. Tógadh trí phointe foláirimh; go dtiocfadh ionchais maidir le rianú aonair daltaí chun cinn, go bhféadfadh PODA a bheith ann do gach paiste de bharr na gcontanam dul chun cinn, agus go bhféadfadh cur chuige ticeáil na mboscaí i leith an teagaisc agus na foghlama teacht i dtreis dá mbainfí mí-úsáid as na torthaí foghlama agus na contanaim bheith i gcuideachta a chéile anois nó cónasctha.

# Tacaíocht churaclaim do mhúinteoirí

**C21: Foghlaim teanga tríd an súgradh**

D'iarr Ceist 21 ar fhreagróirí a thaispeáint an méid a d'aontaigh siad go dtiocfadh an súgradh a úsáid mar mhodheolaíocht éifeachtach chun tacú le forbairt agus foghlaim teanga páistí. Thug líon iomlán de 717 daoine freagra agus iad ag obair i gceann éigin de na trí chomhthéacs teanga. Astu sin, d'aontaigh 693 (97%) nó d'aontaigh siad go mór go dtiocfadh leis an súgradh faoi mar atá sé leagtha amach in *Aistear,* tacú leis an fhoghlaim mar a léirítear iad sna torthaí do Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó. Taispeánann Fíor 5.11 na freagraí trasna na dtrí chomhthéacs teanga. Iarradh in aighneacht scríofa amháin soiléiriú ar conas a thiocfadh modheolaíocht súgartha ar nós a bhfuil achoimrithe in *Aistear* a úsáid leis an gcuraclam teangacha.

**Fíor 5.11: Oiriúnacht foghlaim teanga trí shúgradh – trí chomhthéacs teanga**




(*n*1=673; *n*2=31; *n*3=13)


Chun cur leis sin, thug 101 freagróirí tráchtanna breise; bhí 90 acu sin ag obair i scoileanna Béarla, ochtar i nGaelscoileanna agus triúr i scoileanna Gaeilge sa Ghaeltacht. Bhí mórchuid na 101 freagróirí i bhfách le modheolaíochtaí súgartha a úsáid chun tacú le forbairt agus foghlaim teanga páistí. Thagair tríocha dó acu don tábhacht a bhaineann leis an súgradh le linn obair a dhéanamh le páistí óga: *An tslí is fearr ag páistí chun foghlaim; Ba chóir tacú leis an súgradh agus é a spreagadh*. Bhí 14 freagróirí eile ann a thagair go sonrach do ról an tsúgartha i dtaca le forbairt teanga ó bhéal páistí a chothú agus a chur chun cinn: *Is é an súgradh an chloch chúinne ar a bhforbraíonn an teanga ó bhéal; Tá sé go*

*maith an bhéim a bheith ar theanga labhartha trí shúgradh (Play is a good way of focusing on oral language).* D'aithin 24 freagróirí dúshláin agus iad ag úsáid modheolaíocht ina gcuid seomraí ranga a bhí bunaithe ar shúgradh. Áiríodh orthu sin srianta ama, méideanna móra ranga, easpa pearsanra tacaíochta, agus easpa oiliúna, maoinithe agus acmhainní; *Tá traenáil /uasoiliúint ag teastáil ó mhúinteoirí chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é go héifeachtach agus go bríoch.* Thrácht roinnt bheag freisin ar an rath a bhain lena gcuid oibre féin agus iad ag úsáid súgartha: *Tá mé ag úsáid creat Aistear agus is iontach liom na torthaí; d'athraigh sé mo chuid teagaisc agus rinne sé é a athnuachan.*

### C22: Cur amach ar *Aistear*

D'iarr ceist 22 ar fhreagróirí a chur in iúl cén cur amach a bhí acu ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2009.

**Fíor 5.12: Taithí ar Aistear thar chomhthéacsanna teanga scoile**




(*n*1=686; *n*2=32, *n*3=14)

San iomlán, is é 732 freagróirí a chomhlánaigh an cheist seo agus gan ach 33 (5%) díobh a luaigh nach raibh taithí acu fós ar an gCreat. Ó foilsíodh *Aistear*, tá ós cionn 10,000 múinteoirí agus príomhoidí bunscoile in idir scoileanna Béarla agus scoileanna Gaeilge a ghlac páirt i gceardlanna agus /nó cúrsaí samhraidh *Aistear* a soláthraíodh tríd an líonra Ionaid Oideachais. Chabhraigh an obair sin chun feasacht ar an gCreat a ardú i measc múinteoirí agus go háirithe eatarthu siúd a bhíonn ag obair ag leibhéal na naíonán. Chabhraigh an fheasacht sin, ar a seal, le líon níos mó múinteoirí tosú a thriail roinnt de na smaointe in *Aistear* ina gcuid seomraí ranga i gcomhthéacs a gcuid oibre le Curaclam na

Bunscoile (1999). Bhí an obair sin dírithe go príomha ar phrionsabal *Aistear* maidir le *Súgradh agus eispéiris theagmhálacha*.

Ó tharla gur ghlac múinteoirí FGL ar *Aistear* ina gcuid ama féin agus ar bhonn deonach, tá go leor múinteoirí ann fós atá aineolach ar an gcreatchuraclam.

D’fhiosraigh roinnt mhaith aighneachtaí scríofa na naisc idir *Aistear* agus an curaclam nua teangacha. Thug siad foláireamh ó tharla go leor múinteoirí bheith ann nach bhfuair oiliúint fós in úsáid *Aistear* go mb’fhéidir go dtiocfadh faitíos orthu má bhíonn tagairtí follasacha dó sa churaclam nua teangacha. D’iarr na haighneachtaí seo soiléiriú ar cé acu a bhí sainoiliúint *Aistear* ag teastáil ó mhúinteoirí nó nach raibh d’fhonn an curaclam nua teangacha a chur i bhfeidhm. Luadh go mbeadh méideanna móra ranga ina ndeacracht i dtaca le h*Aistear* a chur i bhfeidhm. Ba é an tuairim a bhí in aighneachtaí eile, go dtiocfadh le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ar *Aistear* roimh Churaclam Teangacha na Bunscoile a thabhairt isteach nó mar chuid den phróiseas feidhmiúcháin, go dtiocfadh leis sin a leithéid de mhearú a laghdú. Cheistigh aighneacht amháin na tagairtí d’*Aistear* i roinnt rannóga den doiciméad agus mhol go ndéanfaí tagairt dó mar chreat go luath sa doiciméad agus go seachnófaí iltagairtí dó ina dhiaidh sin.

**C23: Moltaí chun an Curaclam Teangacha a fheabhsú**

Tugadh cuireadh do fhreagróirí suas le trí mholadh a dhéanamh, in ord tábhachta agus an chéad cheann ar an gceann is tábhachtaí, ar conas a thiocfadh Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile a fheabhsú. San iomlán tugadh 444 freagra trasna na dtrí chomhthéacs scoile. Tá roinnt de na focail/frásaí is minice a luadh mar fhreagra ar an gceist seo le fail i bhFíor 5.13.

**Fíor 5.13: Moltaí chun an dréacht-churaclam teangacha a fheabhsú – néalamharc**



Gníomhaíochtaí, Aistear, Leithdháileadh, Meas, Pointí Urchair,

Leanaí, Curaclam, Dréacht, Béarla, Samplaí,

Ionchais, Na Chéad Chéimeanna, Téarmaíocht Chairdiúil, Teanga,

Riachtanais, Torthaí, Pleanáil, Céimeanna Dul chun Cinn,

Scéimeanna Léitheoireachta, Acmhainní, Ciorraithe agus Comair, Méideanna Ranga Níos Lú,

Fónaic Chaighdeánaithe, Cláir Chaighdeánaithe, Múinteoirí

Peannaireacht a Mhúineadh, Furasta le hÚsáid, Scríbhneoireacht

Thar na freagraí ar fad, sainíodh trí phríomhfheabhsúchán. Bhain siad sin le:

- cumarsáid éifeachtach
- tacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim
- *Aistear.*

Bhain an feabhsúchán is minice a luadh le cumarsáid éifeachtach. Chuimsigh sé sin dhá rud: an chaoi a gcuirtear eolas faoi Churaclam nua Teangacha na Bunscoile i láthair agus in iúl 'sa churaclam' é féin agus freisin an chaoi a scaiptear eolas 'faoin gcuraclam' agus a gcomhroinntear é le múinteoirí agus le daoine eile. Rinne freagróirí iarratais ghinearálta le haghaidh *níos mó grinnis*; eolas a bheith *níos coimre*; *gan a bheith róchasta* agus *tosaíochtaí a bheith níos soiléire*. D'iarr freagróirí go mbeadh an curaclam é féin *níos intuigthe* agus *níos soláimhsithe,* agus go scríobhfaí é i *dteanga níos simplí* gan aon *bhéarlagair.* Maidir le struchtúr agus le comhpháirteanna an churaclaim, d'iarr daoine soiléireacht ar an gcineál caidrimh a bhí ann idir na comhpháirteanna éagsúla den churaclam—go speisialta na Torthaí agus na Contanaim Dhul chun Cinn agus d'iarr siad go ndéanfaí *tosaíochtaí níos soiléire.* Bhí iarratais ann freisin go bhfeabhsófaí 'leagan amach' ábhair an churaclaim, agus moltaí le haghaidh úsáid dhifriúil/níos mó i réimse na n-áiseanna formáidithe, m.sh., *pointí urchair*; *ceannlínte*; *scáthú*; agus *táblaí níos bunúsaí*. Tugadh dár n-aire an ga le cumarsáid éifeachtach 'faoin' gcuraclam freisin, .i., go *gcuirfí gach múinteoir bunscoile ar an eolas faoi na hathruithe*. Chuir a lán múinteoirí in iúl nárbh eol dóibh aon phlean bheith ann chun an curaclam a athrú go dtí gur tháinig siad chuig an 'seisiún tosaigh' le linn a gcúrsa samhraidh.

Bhain an dara tosaíocht feabhsúcháin le tacaíocht a bheith ar fáil leis an gcuraclam nua teangacha don teagasc agus don fhoghlaim. Tógadh dhá ghné—sainábhar tacaíochta do mhúinteoirí agus acmhainní don seomra ranga. D'éiligh múinteoir réimse d'ábhar tacaíochta a thaispeánfadh conas is féidir Curaclam nua Teangacha na Bunscoile a dhéanamh *níos soláimhsithe*. Rinneadh éilimh le haghaidh *treoirlínte ar na Contanaim Dhul chun Cinn agus ar na Torthaí a úsáid* chun pleanála, teagaisc agus measúnaithe agus rinneadh sainmholtaí le haghaidh *teimpléid agus uirlisí*. Dhírigh múinteoirí ar an ngá le treoirlínte breise agus *leideanna* ar *conas a oibríonn na píosaí den churaclam le chéile.* Aibhsíodh sainréimsí i dtaca le forbairt agus foghlaim teanga páistí le haghaidh níos mó treorach agus tacaíochta ar a n-áirítear gníomhaíochtaí éisteachta; peannaireacht; saibhriú teanga; bunscileanna comhrá; páistí le RSO agus le BTB a mhúineadh (i gcásanna mar a mbíonn an Béarla ina dhara agus an Ghaeilge agus ina tríú teanga); agus measúnú, m.sh., *breithiúnais a dhéanamh faoi dhul chun cinn leanaí agus critéir a mhíniú a theastaíonn chun obair a mheas.* Dhírigh na freagraí le haghaidh acmhainní beagnach ar fad ar an riachtanas le hacmhainní caighdeánaithe i raon réimsí go speisialta forbairt stór focal, scéimeanna léitheoireachta, fónaic, agus *acmhainní céimnithe*.

Rinneadh moltaí freisin go gcuirfí ar fáil tuilleadh cláir bhána, póstaer agus leabhair léitheoireachta páistí so leabharlanna. Measadh maoiniú ina riachtanas freisin chun a leithéidí sin d'acmhainní a cheannach. Agus ar deireadh, d'éiligh freagróirí go mbeadh méid ranga níos lú ann sna luathbhlianta bunscoile.

Bhain an tríú príomhfheabhsúchán le h *Aistear*. Sa chéad ásc, rinneadh an pointe gur chóir go léireodh Curaclam Teangacha na Bunscoile cuid prionsabal *Aistear*, go háirithe an tríú sraith prionsabal a bhaineann leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí. D'éiligh freagróirí go mbeadh an curaclam teangacha níos leanbh-láraithe agus fócas níos mó bheith ann ar thacú le teanga ó bhéal agus le cumarsáid páistí *i ngníomhaíochtaí taitneamhacha, ábhartha*, agus *trí shúgradh*. Sa chomhthéacs sin, rinneadh roinnt tagairtí do na torthaí bheith ag leibhéal ró-ard do pháistí óga i rang 2. Mhol freagróirí freisin go ndéanfaí níos foilse *meonta* tábhachtacha le haghaidh forbairt agus foghlaim teanga páistí. Bhain an dara sraith torthaí d'*Aistear* leis an riachtanas le haghaidh tacaí forbairt ghairmiúil do Churaclam nua Teangacha na Bunscoile, ag tosú ar an gcéad dul síos le hintreoir ar *Aistear* – a chuid prionsabal agus treoirlínte cleachtais, m.sh., *oiliúint éigeantach in Aistear do gach múinteoir*.

**C24: Moltaí chun tacú le múinteoirí dul i ngleic le Curaclam Teangacha na Bunscoile**

Iarradh ar fhreagróirí suas le trí mholadh a dhéanamh conas a thiocfadh tacú le múinteoirí chun dul i ngleic le Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile. Faoi mar a bhí leis an gceist roimpi seo, bhí siad sin le liostú in ord tábhachta, agus an chéad cheann ar an gceann is tábhachtaí. Tháinig os cionn 698 freagraí ar ais san iomlán ó na trí chomhthéacs scoile. Is fiú a lua go raibh os cionn 50% níos mó freagraí ar an gceist seo i gcomparáid leis an cheist roimpi ar fheabhsúcháin ghinearálta churaclaim, rud a thugann le fios, b'fhéidir, a thábhachtaí atá an cheist seo ar thacaíocht do mhúinteoirí. Tá roinnt de na focail/frásaí is minice a luadh mar fhreagra ar an gceist seo le fail i bhFíor 5.14.

**Fíor 5.14. Moltaí chun tacú le múinteoirí dul i ngleic leis an gcuraclam – néalamharc**




Aistear, Seomra Ranga, Soiléir, Cúrsaí, FGL, Páirc an Chrócaigh,

Uaireanta, Dréacht, Samplaí, Duine fásta eile, Aiseolas, Maoiniú,

Inseirbhís, Eolas, De dhíth chun a Chur i bhfeidhm, Tuismitheoirí, Pleanáil

Forbairt Ghairmiúil, Méideanna Ranga a Laghdú, Acmhainní,

Scoil, Seirbhís, Méideanna Ranga Níos Lú, Tacaíocht

Múinteoirí, Oiliúint, Ceardlanna

Trí na freagraí ar fad, aithníodh trí réimse tacaíochta:

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Acmhainní
- Leathadh eolais.

Sa chéad réimse le haghaidh tacaíochta, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), bhí a lán freagraí aon fhocail/aon fhrása lena n-áirítear *FGL; forbairt ghairmiúil; inseirbhís; tacaíocht ionghairme* agus *oiliúint.* Thagair a lán freagróirí don lagmhisneach atá ar mhúinteoirí i dtaca leis seo de, m.sh., *ní féidir teacht gan oiliúint inseirbhíse bheith ann. Beaguchtach ar mhúinteoirí le gearrthacha siar, uaireanta Pháirc an Chrócaigh, srl.* Cé gur mhol roinnt freagróirí go dtiocfadh FGL a sholáthar in Ionaid Oideachais, ba é an scoil í féin an t-ionad is mó a raibh tóir air le haghaidh FGL, m.sh., *ceardlanna don scoil uile*. Measadh an seomra ranga freisin ina ionad FGL tábhachtach, m.sh., *cuairteanna seomra ranga; samhaltú nó léiriú seomra ranga* agus *níos mó tacaíocht ionranga*. D'éiligh freagróirí go gcuimseodh FGL gach múinteoir agus *ní amháin nasc-mhúinteoirí [litearthacht]*, m.sh., *Creidim go bhfuil sé seo barrthábhachtach nó murach é beidh beagán (beag) foirne ag snámh in aghaidh easa!* D'iarr siad siúd a chuir isteach aighneachtaí scríofa go gcuirfí oiliúint ar *Aistear* ar fáil do níos mó múinteoirí agus iarradh i roinnt aighneachtaí freisin níos mó tacaí le haghaidh múinteoirí chun an Ghaeilge a theagasc mar an chéad agus mar an dara teanga. D'aibhsigh aighneacht scríofa ón earnáil Ghaeilge an gá le tacaíocht inseirbhíse a sholáthar chun tacú le caighdeán Gaeilge na múinteoirí iad féin. A dhála sin moladh freisin oiliúint shainiúil do mhúinteoirí Gaeltachta, chun cabhrú leo freastal ar riachtanais an chainteora dúchais. D'iarr roinnt aighneachtaí go ndéanfadh an chigireacht monatóireacht ar fhorghníomhúchán Churaclam nua Teangacha na Bunscoile, agus tacaíocht a sholáthar dó. Loirg na haighneachtaí sin freisin go léireofaí leasaithe nua curaclaim in oideachas tosaigh múinteoirí.

Dhírigh an dara réimse mór tacaíochta ar sholáthar acmhainní leordhóthanacha. D'éiligh freagróirí go mbeadh acmhainní *soláimhsithe ag múinteoirí* agus ar fáil *do gach múinteoir ranga* agus ag gach leibhéal/céim sa churaclam. Luadh sna freagraí an gá le hacmhainní bheith praiticiúil seachas iad a bheith teoiriciúil ina bhfócas, m.sh., *acmhainní chun feidhmiú praiticiúil sna seomraí ranga* agus go gcuimseodh siad samplaí den phróiseas agus de thorthaí obair páistí, m.sh., *a lán samplaí d'obair páistí chun tagairt dóibh ag gach leibhéal sa rang.* Mhol mórán freagróirí go gcuirfí acmhainní ar fáil ar líne, m.sh., *acmhainní ar líne amhail grianghraif, póstaeir srl.*; físeáin de dhea-chleachtas; uirlisí úsáide ar líne; léirithe ar líne. Chlúdaigh acmhainní ar líne ábhair FGL freisin, m.sh., *ceachtanna ar líne; tacaíocht leanúnach nuashonraithe ar líne* agus *ceachtanna teagaisc ar líne.* I measc na dtacaí struchtúrtha a sainíodh sa chomhthéacs seo áiríodh *banda leathan feabhsaithe i scoileanna* agus *tacaíocht TF do scoileanna.* Ina theannta sin, tugadh le fios in aighneacht scríofa amháin go raibh gá le doiciméad ar líne a thabharfadh eiseamláirí ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir Curaclam na Bunscoile `99 agus Curaclam Nua Teangacha na Bunscoile. D'éiligh aighneachtaí scríofa uathu sin a bhíonn ag plé leis an earnáil Ghaeilge ábhair léitheoireachta chéimnithe a d'fhóirfeadh do chainteoirí dúchais agus scéim

chuimsitheach fónaice bheith curtha ar fáil don Ghaeilge. Lorgaíodh freisin go gcruthófaí acmhainní teagaisc Gaeilge ardchaighdeáin do scoileanna Béarla. Moladh go mbeadh ranganna tacaíochta teanga inmheánacha ann do dhaltaí agus do thuismitheoirí araon, a raibh an nGaeilge mar T2 acu sa Ghaeltacht.

Bhain an tríú réimse mór tacaíochta a shainigh freagróirí le scaipeadh an eolais faoi Churaclam nua Teangacha na Bunscoile agus faoina chur i bhfeidhm, m.sh., *cuir amach an t-eolas… ní raibh mórán eolais agam go raibh curaclam nua ag teacht – is tré sheans go raibh mé ar an suíomh CNCM agus go bhfaca mé an nasc ann*. Mhol aighneacht scríofa i nGaeilge, go gcuirfí r-phoist chuig gach scoil roimh aon chomhairliúchán eile amach anseo. D'aibhsigh aighneachtaí scríofa eile an gá le húsáid a bhaint as Coláistí Oiliúna agus Páirtithe Oideachais (CMÉ, LPBÉ, SFGM [PDST], An Chomhairle Múinteoireachta, CNT, Cumainn Tuismitheoirí) chun eolas a leathadh. D'iarr freagróirí go dtacódh an curaclam é féin le múinteoirí trína chinntiú go raibh a raibh istigh ann inrochtana agus soiléir ag múinteoirí, m.sh., *é a bheith chomh hintuigthe agus is féidir* (ag athdhearbhú torthaí do Cheisteanna 7 agus 8, a tuairiscíodh níos luaithe sa doiciméad seo). Arís, d'éiligh freagróirí go mbeadh *banda leathan níos fearr* sna bunscoileanna chun an curaclam agus ábhar tacaíochta a rochtain. D'fháiltigh freagróirí roimh an tsineirgíocht a moladh idir comhpháirteanna den churaclam agus luaigh siad a luachmhaire atá na naisc sin chun tacú le múinteoirí dul i ngleic leis an gcuraclam, m.sh., *a dhéanamh simplí agus éasca chun na torthaí a mhapáil chun na scileanna chun na gcontanam ós é sin an rún atá taobh thiar de. Má dhéantar an méid sin soiléir do mhúinteoirí agus más féidir an phleanáil agus an measúnú agus an t-aiseolas a cheangal isteach ann go néata, is dóigh liom go mba chuidiú mór é.*

# Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Céim shuntasach is ea é Curaclam nua Teangacha Bunscoile a fhorbairt sa phróiseas leanúnach in uasdátú agus i bhfeabhsú an churaclaim. Thug an Dréacht a foilsíodh le haghaidh comhairliúcháin freagra ar éilimh múinteoirí (in athbhreithnithe curaclaim agus in obair le scoileanna) le haghaidh níos mó tacaíochta ina gcuid pleanáil agus teagasc teanga, agus na páistí a bheith níos fearr as dá bharr. Ag tógáil ar thaighde agus ar fhianaise i seomraí ranga, díríonn ceann de na príomhathruithe seo ar thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí i dteangacha agus trasna teangacha—i gcuraclam comhtháite teangacha—seachas in dhá theanga nó churaclam scartha ar leith. Ar na príomhathruithe eile atá ann, áirítear torthaí foghlama a bheith á n-úsáid chun cur síos ar an méid ba chóir bheith ar eolas ag páistí agus a ba chóir dóibh a bheith ábalta a dhéanamh mar úsáideoirí teanga sna chéad cheithre bliana dá mbunoideachas. Nasctha leis sin, agus trí chontanaim dhul chun cinn, agus samplaí d'obair páistí a bhaineann leo, a úsáid, tugann an curaclam nua saintacaíocht do mhúinteoirí chun a gcuid cleachtais a dhifreáil d'fhonn cabhrú le *gach* páiste dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama agus forbartha.

D'ainneoin an lín bhig freagróir ó scoileanna Gaeltachta go hairithe, sonraíonn na torthaí freagra ginearálta dearfach i leith Dhréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile do Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó. Le cois na n-ardleibhéal aontaithe i dtaca le mórán de chomhpháirteanna an churaclaim, tá comharthaí soiléire ann de na sainréimsí nach miste tuilleadh machnaimh agus forbartha a dhéanamh orthu. Sainíonn an chéad roinn eile na deich réimsí a ndíreofar breis forbartha orthu agus muid ag bogadh ón Dréacht go dtí leagan deireanach de Churaclam Teangacha na Bunscoile do Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó. Níl na deich réimsí sin liostaithe in ord tosaíochta—úsáidtear uimhreacha go díreach chun tagairtí a dhéanamh do leasuithe ar leith sa phlé faoina mbeidh sna hathbhreithnithe atá pleanáilte.

**1. Rochtain ar eolas *faoin* gcuraclam agus *laistigh de***

- Agus an Dréacht á hullmhú le haghaidh a foilseacháin ar líne, athbhreithneofar agus tabharfar suas chun dáta an **réim teanga** i bpróiseas a mbeidh baint ag múinteoirí ranga leis. Cé gur dócha go mbeidh roinnt téarmaí nua ann, díreoidh sé seo ar intuigtheacht ábhair an churaclaim a fheabhsú do mhúinteoirí i ngach ceann de na trí chomhthéacs teanga scoile.
- Beidh rogha sa Churaclam Teanga don Ghaeilge, do gach comhthéacs teanga scoile, ar an **aistriúchán Béarla** a fheiceáil.

- Cuimseoidh an comhéadan ar líne rogha do mhúinteoirí chun **sainmhínithe ar théarmaí a bhreathnú** a úsáidtear sa churaclam de réir mar a thagann siad seo aníos sa téacs, m.sh., mar rogha chúrsóra 'tar-rollta' (ar a dtugann forbróirí Gréasáin 'leiduirlis'). Foilsíodh na téarmaí seo sa roinn dheireanach den Dréacht, roinn darb ainm 'Míniúchán ar Choincheapa, Meonta agus Scileanna.

- Breathnófar ar na roghanna chun **foilseachán cóip chrua de Churaclam Teangacha na Bunscoile** a chur ar fáil do gach múinteoir bunscoile agus is é a bheidh ann buandearadh prionta, trí phóstaer contanaim dhul chun cinn fillte agus curtha isteach, agus méaróg chuimhne ar a mbeidh ábhair Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile (lena n-áirítear Samplaí d'obair páistí agus Ábhar Tacaíochta Múinteoirí) a chuirfear ar fáil ag am a phriontála.

- Beidh comhpháirteanna Churaclam Teangacha na Bunscoile leagtha amach go soiléir do mhúinteoirí. Ar aon dul le húsáid mhéadaithe Uirlisí Úsáide' thar na hearnálacha ina mbíonn réimse acmhainní agus ábhar tacaíochta do mhúinteoirí i bhformáidí físe agus téacs-bhunaithe, cuimseoidh **Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile** idir shamplaí d'obair páistí agus an réimse d'ábhar tacaíochta atá ann do mhúinteoirí. (Tábla 6.1):

**Tábla 6.1 Dréacht-Churaclam Teangacha agus Uirlisí Úsáide**

| **Curaclam Teangacha na Bunscoile** | **Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile** |
|---|---|
| **Réasúnaíocht**<br>**Aidhm**<br>**Forbhreathnú**<br>**Curaclam Teangacha na Bunscoile a úsáid** | **Samplaí d'fhorbairt agus foghlaim teanga páistí le nótaí mínithe múinteora (a bheidh nasctha le Clocha Míle Dul chun Cinn agus le Torthaí)** |
| **Torthaí Foghlama**<br>**Míniúchán ar Choincheapa, meonta, Scileanna**<br>**Contanaim Dhul chun Cinn** | **Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí chun teagasc agus foghlaim a threorú i réimse de ghnéithe d'fhoghlaim teanga páistí (a bheidh nasctha le Clocha Míle Dul chun Cinn agus le Torthaí)** |

- Ullmhófar **acmhainní eolais do mhúinteoirí** chun phríomhtheachtaireachtaí a aibhsiú faoi Churaclam nua Teangacha na Bunscoile ina mbeidh liosta de ceisteanna coitianta (m.sh. CCnna a thuairisciú) agus Treoir Úsáideora (m.sh., Treoir Úsáideora Aistear ).

- Ullmhófar **straitéis chumarsáide** do na Foráis Bunscolaíochta. Is é an aidhm amháin a bheidh leis an straitéis seo a chinntiú go gcuirtear teachtaireachtaí tábhachtacha faoi na hathruithe sa churaclam in iúl do mhúinteoirí bunscoile ar dhóigh shoiléir agus thráthúil. I measc na ngníomhaíochtaí beidh úsáid suíomhanna Gréasáin agus meáin chumarsáide chomh maith le cumarsáid ar chóip chrua chuig gach scoil, agus teagmháil dhíreach le páirtithe leasmhara a bhfuil rochtain acu ar líonraí múinteoirí amhail Ionaid Múinteoirí/Oideachais, Coláistí Oiliúna, An Chomhairle Múinteoireachta, CMÉ, an SFGM agus eile.

**2. An Béarla agus an Ghaeilge agus an teagasc a chomhtháthú le haghaidh aistriú scileanna**

- Cabhróidh eagarthóireacht do chomhpháirteanna tosaigh an churaclaim agus foilseacháin nua faoin gcuraclam le múinteoirí chun tuiscint **cén chaoi a bhfuil an 'curaclam comhtháite' seo difriúil le curaclam '99 don Bhéarla agus don Ghaeilge.** Beidh fócas soiléir agus follasach sa Réasúnaíocht ar 'chomhtháthú teanga'. Tabharfar míniú soiléir i liosta de Cheisteanna Coitianta, Podchraolta a mhíníonn prionsabal an 'chomhtháthaithe' i gcúrsaí teanga agus acmhainní eile is spéis le múinteoirí.
- Díreoidh ábhar tacaíochta do mhúinteoirí in **Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile** ar phleanáil agus ar theagasc chun tacú le haistriú scileanna trasna teangacha. Áireoidh siad sin samplaí ábhartha ó chleachtas an tseomra ranga (trí fhíseán) thar na ceithre bliana ranga.
- Clibeálfar **Torthaí** leis an gcuraclam ar líne le 'deilbhín naisc' chun nótáil a dhéanamh ar dheiseanna do mhúinteoirí a thacóidh le haistriú scileanna trasna torthaí sa dá theanga a chabhróidh, ar a sheal, lena gcuid pleanála.

**3. Tuiscint conas a oibríonn na príomh-chomhpháirteanna curaclaim le chéile**

- Déanfar 'clibeáil' agus códú ar gach céim sna trí **Contanaim Dhul chun Cinn**; gach **Toradh**; gach **Sampla** d' fhorbairt agus foghlaim teanga páistí agus gach píosa **Ábhar Tacaíochta** do mhúinteoirí ionas gur féidir hipearnaisc a chruthú trasna na gceithre chomhpháirt churaclaim seo sa leagan ar líne de Churaclam Teangacha na Bunscoile.
- Chun cabhrú le múinteoirí tuiscint conas a idirghníomhaíonn na comhpháirteanna difriúla curaclaim agus conas is féidir iad a úsáid le haghaidh pleanála agus teagaisc sa seomra ranga, ullmhófar na rudaí seo a leanas:

- Dearfar agus cuirfear isteach sa churaclam agus i gcumarsáid faoin gcuraclam **fíoracha agus íomhánna** chun an caidreamh a thaispeáint idir chomhpháirteanna difriúla an churaclaim, agus **míniúcháin** a chuireann síos ar an gcaoi ar féidir le múinteoirí breathnú ar na hidirghníomhaíochtaí sin.
- Cruthófar **gearrfhíseán** chun a thaispeáint conas a oibríonn an curaclam ar líne agus, go háirithe conas is féidir le múinteoirí nascadh ó chomhpháirt churaclaim amháin go chéile. Úsáideadh físeáin den chineál chéanna roimhe seo ar bhonn éifeachtach chun tacú le múinteoirí agus iad ag úsáid Chruthaitheoir an Chárta Tuairisce.

**4. Fairsinge na foghlama atá léirithe laistigh de thorthaí foghlama aonair agus naisc idir na torthaí agus na contanaim dhul chun cinn**


Foilseofar Curaclam Teangacha na Bunscoile ar an suíomh Gréasáin www.curriculumonline.ie. Tabharfar an timpeallacht ar líne seo deiseanna suntasacha chun comhpháirteanna curaclaim a nascadh agus chun a thaispeáint conas a oibríonn siad i bpáirt chun cabhrú le múinteoirí a gcuid obair theanga a phleanáil. Úsáidfear go háirithe, na straitéisí seo a leanas:

- Déanfar gach toradh foghlama i gCéimeanna 1 agus 2 **a chlibeáil leis an mbanda cuí clocha míle agus leis an eagraí cuí** ar an gcontanam cuí dul chun cinn. Ligfidh sé sin do mhúinteoir a bheadh ag obair i gceann ar bith de na trí chomhthéacs teanga, na naisc a fheiceáil idir na torthaí foghlama aonair agus na contanaim.
- Déanfar clocha míle aonair ar na contanaim dhul chun cinn **a chlibeáil le samplaí d'obair páistí a bhfuil nótaí mínithe leo** a thaispeánfaidh foghlaim teanga agus forbairt ar feadh na gcontanam. Léireoidh na nótaí mínithe na céimeanna dul chun cinn ag cloch mhíle ar leith agus aibhseoidh siad cad is féidir leis an bpáiste a dhéanamh cheana agus treoróidh siad múinteoirí maidir leis na chéad chéimeanna féideartha eile ina bhfoghlaim teanga.
- Déanfar na torthaí foghlama **a chlibeáil le hábhar cuí tacaíochta** a chuirfidh faoi bhráid mhúinteoirí smaointe agus moltaí ar an gcaoi a bhféadfadh siad cabhrú le páistí dul chun cinn níos faide ina bhforbairt sa teanga ó bhéal agus sa litearthacht (Féach Fíor 5.15).
- Agus 67% de na torthaí ag spré amach thar an gcéad dá chéim den bhunscolaíocht, bhraith múinteoirí go mb'fhéidir go ndéanfadh an 'síneadh' sin an phleanáil deacair. Trí naisc shoiléire a dhéanamh ar líne áfach, idir na céimeanna, na torthaí agus **réise ábhartha na gcontanam** beidh tuiscint níos glinne ag múinteoirí ar leithne na héagsúlachta i bhforbairt agus i

bhfoghlaim teanga páistí i measc na bpáistí ina rang; cabhróidh na naisc sin trasna na gcomhpháirteanna freisin le múinteoirí chun a gcuid pleanála a chur i ngníomh.

- Is féidir an méid atá laistigh de **gach toradh a spíonadh amach** le tagairt do na clocha míle agus do na céimeanna comhfhreagracha sna contanaim. Taispeánfaidh na naisc sin conas a léirítear meonta, coincheapa agus scileanna i gcéimeanna ar leith laistigh de na contanaim.

**Fíor 5.15: Contanam na dTeangacha ar líne:**




## 5. Difreáil sna torthaí don dá chomhthéacs Ghaeilge

- Trí na torthaí Gaeilge a nascadh le dhá stráice dhifriúla de na contanaim, tá sé i gceist go ndéanfar freastal níos fearr ar an gcainteoir dúchais agus ar an gcainteoir nach cainteoir ó dhúchas é [1].

- Ligfidh an struchtúr seo dóibh siúd atá sa chomhthéacs Gaeltachta teacht ar chéimeanna laistigh de réise níos leithne ar na contanaim, agus freastal dá réir sin ar inniúlacht teanga an chainteora dúchais agus, ag an am céanna, ligfidh sé do Ghaelscoileanna freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais teanga na bpáistí ina gcomhthéacs siúd.

[1] Tagraíonn cainteoir dúchais do chainteoirí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu. Agus tagraíonn cainteoir nach cainteoir ó dhúchas é sa chás seo, do chainteoirí nach bhfuil an Ghaeilge ina máthairtheanga acu

**6. Suntasacht agus infheictheacht scil na héisteachta, agus tacaí lena haghaidh**

- Cé go bhfuil scil na héisteachta feiceálach go maith sna contanaim Teanga ó Bhéal, chun freastal níos fearr a dhéanamh uirthi, láidreofar an scil seo laistigh de na contanaim agus déanfar níos suntasaí í sna torthaí.

**7. Cuimsitheacht agus tacaíocht sa chóras chun páistí a theagasc a bhfuil BTB agus RSO acu**

- **Tabharfar chun suntais níos mó** sna ranna tosaigh páistí a bhfuil BTB acu agus na tairbhí is féidir le páistí BTB a thabhairt trí fheasacht agus foghlaim teanga a ardú i scoileanna.
- Cruthófar **ábhar tacaíochta** chun tacú le múinteoirí ina gcuid oibre le páistí BTB i gcúrsaí teanga agus litearthachta.
- Déanfar ranna tosaigh an doiciméid **níos uileghabhálaí** do pháistí a bhfuil RSO acu trí cháilitheoirí amhail 'bunús', formhór', 'mórchuid', bunáite', srl.  a bhaint amach as.
- Seiceálfar sainmhínithe chun cuimsitheacht a chinntiú agus **aitheantas bheith tugtha don pháiste neamhbhriathartha.**
- Cruthófar **ábhar tacaíochta** chun tacú le múinteoirí ina gcuid oibre le páistí RSO i réimsí teanga agus litearthachta.
- Beimid ag **obair le scoileanna** RSO agus le scoileanna ina bhfuil líon ard páistí BTB i Líonra Teangacha na Bunscoile, chun cabhrú le múinteoirí úsáid a bhaint as an gcuraclam teangacha le réimse páistí.

**8. An cur chuige a mholtar maidir le foghlaim an dara teanga**

- Cuireadh béim in aiseolas an chomhairliúcháin ar an ngá le cur chuige mionsonraithe agus struchtúrtha do mhúinteoirí maidir le foghlaim an dara teanga.
- Tar éis plé a dhéanamh, is é an *cur chuige cumarsáideach* (communicative language teaching) a roghnaíodh ar an gcur chuige is éifeachtaí chun an dara teanga a fhoghlaim. Soláthrófar nasc anonn chuig an gcur chuige sin sa doiciméad é féin.

**9. Clocha míle iontrála chun na gcontanam dul chun cinn**

- Tabharfaidh an **obair le scoileanna** in Earrach 2015 deiseanna chun pointí iontrála páistí a fhiosrú sna naíonáin shóisearacha agus i rang 1 ar na trí contanaim dhul chun cinn agus an úsáideacht, nó a mhalairt, a roinnfeadh le banda de phointí molta iontrála a chur ar fáil do mhúinteoirí, go háirithe sa chás go gcaithfeadh an banda sin cúig clocha míle ar na contanaim, nó b’fhéidir níos mó ná sin, a ghlacadh san áireamh.

- Díreoidh an obair seo a bheith bainte le scoileanna Béarla, Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeilge sa Ghaeltacht díreoidh sí ar **idirdhealú níos fearr** idir na bandaí molta de chlocha míle iontrála de réir sainchomhthéacs teanga na scoile agus riachtanais na gcainteoirí dúchais agus cainteoirí nach cainteoirí ó dhúchas iad.

- Cuimseoidh an tÁbhar Tacaíochta **samplaí** ar an gcaoi ar féidir le múinteoirí **úsáid a bhaint as na contanaim dhul chun cinn** chun cabhrú leo a gcuid obair ranga a phleanáil bunaithe ar thorthaí foghlama. Taispeánfaidh na samplaí seo  conas is féidir le múinteoirí an t-eolas ar obair theanga páistí a bhailíonn siad ar bhonn leanúnacha a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar cén chloch mhíle is fearr a léiríonn a gcuid obair reatha agus an plean sin a úsáid le haghaidh na gcéad chéimeanna eile.

**10. Suntasacht *Aistear* agus tacaíocht dó**

- Ullmhóidh an CNCM **nóta gearr** ina míneofar an chaoi a bhfuil príomhsmaointe (prionsabail agus modheolaíochtaí) in *Aistear* neadaithe sa churaclam nua teangacha.

- Beidh ábhar tacaíochta do mhúinteoirí le fáil in Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile ina mbeidh smaointe praiticiúla agus samplaí de **réimse modheolaíochtaí teagaisc** chun tacú le foghlaim teanga páistí. Ag tarraingt ar threoirlínte *Aistear* faoi chaidrimh agus ar choincheap na comhlántachta (amanna is é an páiste a threoraíonn an fhoghlaim agus amanna eile, is é an múinteoir a threoraíonn), eagrófar na modheolaíochtaí seo ar feadh contanaim a théann ó chaidreamh atá leanbhthreoraithe ina n-úsáidtear modheolaíochtaí amhail súgradh,  go caidreamh níos aosach-threoraithe ina n-úsáidtear modheolaíochtaí amhail teagasc dialógach. Cabhróidh sé sin chun an súgradh a aibhsiú mar pháirt thábhachtach den réimse cuir chuige teagaisc.

- Ag cur leis an bpointe thuas agus mar chuid d’Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile soláthróidh an curaclam teangacha cabhair phraiticiúil do mhúinteoirí in oideolaíocht

súgartha a úsáid chun tacú le forbairt teanga ó bhéal agus litearthachta i measc páistí. Tá roinnt den ábhar sin foilsithe cheana mar chuid d'Uirlisí Úsáide *Aistear* ar líne (www.CNCM.ie/aisteartoolkit) agus cuirfear é isteach sa churaclam nua teangacha. Cuimsíonn na hábhair sin eiseamláirí ó ranganna aonghráid agus ilghráid, Béarla agus Gaeilge, beaga agus móra, agus ó ranganna ina bhfuil beagán acmhainní súgartha chomh maith leo siúd ina bhfuil réimse níos mó acmhainní.

- Is trí oideolaíocht súgartha a cheapfar roinnt de na **samplaí d'obair páistí a bhfuil nótaí mínithe leo** atá nasctha le clocha míle ar na contanaim dhul chun cinn agus le torthaí foghlama, agus léireoidh siad a oiread a thacaíonn an súgradh le forbairt teanga ó bhéal agus litearthacht páistí. Léireoidh na samplaí seo freisin conas is féidir le cuir chuige teagaisc agus modheolaíochtaí atá níos leanbhthreoraithe cur le breithiúnais múinteoirí ar a fheabhas atá ag éirí le páistí ina gcuid obair theanga agus cabhrú chun na chéad chéimeanna eile a aithint. I dteannta a chéile, cabhróidh na comhpháirteanna curaclaim seo le múinteoirí a fheiceáil conas is féidir le prionsabail agus modheolaíochtaí *Aistear* cur Lena gcuid obair theanga.

Agus an cháipéis seo á scríobh, tá an obair faoi lán seoil chun an Dréacht-Churaclam agus na hUirlisí Úsáide a ghabhann leis a fhorbairt agus a bheachtú tuilleadh mar fhreagra ar aiseolas do gach ceann de na deich réimsí a sainíodh thuas. Is dóigh go gcríochnófar na nuashonraí seo ar an gcuraclam, agus forbairt an chomhéadain ar líne chun an curaclam a fhoilsiú, go gcríochnófar iad go luath in 2015. Ag an am céanna, tá obair ar siúl chun Líonra Teangacha Bunscoile a ghairm a chuimseoidh scoileanna ó na trí chomhthéacs teanga scoile ar fad. Cinnteoidh an tréimhse ama don snáithe gníomhaíochta sin go mbeidh faill ag scoileanna atá bainte leis an Líonra dul i ngleic leis an gcuraclam ina thimpeallacht ar líne agus aiseolas a thabhairt ar a dtaithí mar úsáideoirí, a bheidh mar bhonn eolais faoi agus a thacóidh leis an eagarthóireacht dheireanach ar an gcomhéadan ar líne. Beidh ról lárnach ag scoileanna an Líonra freisin ag cur le forbairt na nUirlisí Úsáide, lena n-áirítear Samplaí d'Obair na bPaistí agus Ábhar Tacaíochta thar na trí chomhthéacs teanga scoile.

Cé gur tháinig críoch leis an tréimhse fhoirmiúil chomhairliúcháin ar 30 Meán Fómhair—níos mó ná 5 mhí ó cuireadh tús léi—leanfar den phróiseas rannpháirtíochta ag an suíomh scoile, agus i gcomhoibriú le páirtithe chun tacú le pleanáil FGL le haghaidh Churaclam Teangacha na Bunscoile. Meastar go bhfoilseofar Curaclam Teangacha na Bunscoile ar líne i Meitheamh 2015 agus go bhfaighidh múinteoirí a gcóip de Churaclam Teangacha na Bunscoile maille le roinnt ábhair Uirlisí Úsáide (mar a tugadh le fios sa chéad phointe gníomhaíochta) i Meán Fómhair agus i nDeireadh Fómhair 2015.

Faoi láthair tá sceideal don tacaíocht náisiúnta le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim le tosú ag an tráth sin—sa scoilbhliain 2015/2016, agus múinteoirí bunscoile bheith ag úsáid Churaclam Teangacha na Bunscoile le páistí sna Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó ó Mheán Fómhair 2016.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *Curaclam na Bunscoile.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol. An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

Government of Ireland. (2010). *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

(1998) *Acht Oideachais Éireann* 1998 Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

Kennedy, E., Dunphy, E., Dwyer, B., Hayes, G., McPhillips, T., Marsh, J., O'Connor, M. agus Shiel, G. (2012). Litearthacht san Oideachas Luathóige agus Bunscoile (3-8 mbliana). Taighde Coimisiúnaithe. Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim 1 (Béarla, Amharcealaíona, Matamaitic). Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008). Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim 2 (Gaeilge, Eolaíocht, OSPS). Baile Átha Cliath: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear, Creat-Churaclam na Luathóige. Baile Átha Cliath: CNCM.

Ó Duibhir, P. agus Cummins, J. (2012). I dTreo Curaclam Teanga Comhtháite sa Luath-Óige agus sa Bhunscoil (3-12 bhliain). Taighde Coimisiúnaithe. Baile Átha Cliath: CNCM.

Shiel, G., Cregan, Á., McGough, A. agus Archer, P. (2012). Teanga Ó Bhéal san Oideachas Luathóige agus san Oideachas Bunscoile (3-8 mbliana). Taighde Coimisiúnaithe. Baile Átha Cliath: CNCM

# Aguisín 1: Aighneachtaí scríofa a fuarthas

| **Foinse na haighneachta/Cleamhnacht** | **Treoir-ainm(neacha)** |
|---|---|
| Aighneachtaí ó mhúinteoirí-scoileanna lán-Ghaeilge | X 2 |
| Aighneachtaí ó thuismitheoirí na Gaeltachta | X 37 |
| S.N. Ghort Lomán, Inis, Co. an Chláir | John Burns |
| Coláiste Oiliúna Eaglais na hÉireann | Áine O'Neill (*Freagra neamhspleách) |
| COGG | Muireann Ní Mhóráin |
| Comhar Naíonraí na Gaeltachta | Mairéad Mac Con Iomaire |
| Conradh na Gaeilge | Peadar Mac Fhlannchadha |
| An Roinn Oideachais- Cigireacht | Pádraig Mac Fhlannachadha |
| Dice Project | Siobhán Sleeman |
| Foras na Gaeilge | Seosamh Ó Coinne |
| Foras Pátrúnachta | Caoimhín Ó hEaghra |
| Coláiste Froebel –Roinn na dTeangacha | Niamh Fortune, Fiona Nic Fhionnlaoich |
| Gaelscoileanna | Bláthnaid Ní Ghréacháin |
| Gaelscoil na Lochlanna | Seán Ó Cearnaigh |
| Coláiste Hibernia-Bunoideachas | Anna Davitt |
| CMÉ | Deirbhile Nic Craith |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | Teresa O`Doherty |
| One voice for Languages | Kristin Brogan |
| SFGM (PDST) | Catherine Treacy |
| Cumann Léitheoireachta na hÉireann | Gerry Shiel |

| | |
|---|---|
| Acadamh Ríoga na hÉireann | Paul Lynam |
| Scoil Bhríde, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 | Déirdre Kirwan |
| Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe | Bairbre Ní Thuairisg |
| Colaiste Montessori N. Nicholas | Ian McKenna |
| Coláiste Phádraig-Teagasc na Gaeilge | Máire Ní Bhaoill |
| Coláiste Phádraig –Roinn an Oid. Speisialta | Anna Logan |
| Coláiste Phádraig - Roinn an Oid. Speisialta | Thérese Day, Anna Logan, Ellen Reynor |
| Aiseolas múinteoirí-scoileanna Béarla | X 6 |
| Coláiste na Tríonóide-Scoil an Oideachais | Gene Dalton |
| Tuismitheoirí na Gaeltachta | Sorcha Ní Chéilleachair |
| YoungBallymun | Hazel O'Byrne |

# Aguisín 2: Rannpháirtíocht Leanúnach: Sampla

Is iad seo a leanas sampla de thiomantas CNCM i leith phróiseas leanúnach na rannpháirtíochta le múinteoirí ar Churaclam Teangacha na Bunscoile. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe (múinteoirí agus daoine nach iad) ag Comhdháil Chumann Léitheoireachta na hÉireann (Meán Fómhair 2014) na ceithre cheist thíos a mheabhrú i ndiaidh forbhreathnú gearr den Dréacht agus de sa Tuarascáil Eatramhach. Tá a gcuid aiseolais le fáil thíos.

| |
|---|
| **C1: Ceisteanna Coitianta**<br><br>**Cad iad na Ceisteanna is dóigh leat a ba chóir a chur agus a fhreagairt sna CCnna?** |
| ▪ *Conas a oibrím an curaclam ar líne?*<br>▪ *Cén áit a dtéann Aistear isteach sa Churaclam nua Teangacha?*<br>▪ *Cén stíl scríbhneoireachta a ba chóir a úsáid go foirmiúil i scoileanna?*<br>▪ *Cén chaoi ar féidir spriocanna a chur in ord tosaíochta sa churaclam atá an-leathan?*<br>▪ *B'úsáideach an rud é achoimre a bheith ann den doiciméad chun freagra a thabhairt ar chroícheisteanna:*<br>  o *Cad é atá difriúil faoi?*<br>  o *Conas pleanáil le haghaidh páistí?*<br>  o *Conas Aistear a chomhshnaidhmeadh leis?* |
| **C2: Eolas a chomhroinnt le scoileanna**<br><br>**Cad iad na gníomhaíochtaí eile a thiocfadh leis an CNCM a dhéanamh chun cabhrú le feasacht a ardú i dtaca le Curaclam nua Teangacha na Bunscoile?** |
| ▪ *Trí Ollscoileanna/Coláistí Oiliúna (m.sh. baill foirne ag obair i réimsí Teanga & Litearthachta, Oideachas na Luathóige, nascadh le socrúcháin inmheánacha).*<br>▪ *Spásanna eile ar líne: postálacha oideachais, Facebook.*<br>▪ *Cuairteanna ar scoileanna/ FGL inmheánach.*<br>▪ *Pacáistí in-íoslódála*<br>▪ *Ailt ar In-touch.*<br>▪ *R-phost chuig gach scoil: Iarrtar go seoltar an r-phost ar aghaidh chuig gach múinteoir sa scoil.* |

- *Pacáiste le Póstaer ar taispeáint i seomraí foirne, príomhoide ag scaipeadh eolais le linn uaireanta Pháirc an Chrócaigh.*
- *Suíomh Gréasáin CNCM: Achoimre ar an eolas is déanaí.*
- *Nascadh le hIonaid Oideachais a mbíonn Líonra scoileanna/seisiúin eolais acu.*
- *Páirtnéirí san Oideachas: An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, cigireacht, Comhdháil LPBÉ (IPPN), Comhdháil Oideachais CMÉ, SFGM (PDST), Cumann na dTuismitheoirí.*
- *Nascadh leis an gComhairle Múinteoireachta, r-phost a chur chuig múinteoirí aonair seachas chuig scoileanna.*
- *Caithfear an doiciméad a shimpliú agus athruithe a lua go soiléir.*
- *Seimineár/cúrsa samhraidh.*
- *Inseirbhís do mhúinteoirí.*

**C3: Tacaíocht do mhúinteoirí chun dul i ngleic leis an gCuraclam Teangacha**

**Cé na cineálacha tacaíochta a bheadh úsáideach ag scoileanna chun dul i ngleic le Curaclam Teangacha na Bunscoile, a bhaineann le hobair an CNCM agus an SFGM (PDST)?**

*Tacaíocht inmheánach, i dtaca le:*

- *Cuairteanna leanúnacha ar scoileanna.*
- *Inseirbhís le linn am scoile nó ar bhonn na scoile uile.*
- *Forbairt ghairmiúil: Pleanáil, cruinniú na foirne uile, samhaltú ionranga, úsáid acmhainní a shamhaltú, cur chuige na scoile uile a bhainistiú i leith litearthachta agus tacaíocht foghlama.*
- *Tacaíocht inmheánach a sheoladh chuig scoileanna Sóisearacha/ranganna Sóisearacha ar dtús.*
- *Cruinnithe Eolais in Ionaid Oideachais.*
- *Scoil Samhraidh ar an gCuraclam nua Teangacha ina sonraítear ábhar, straitéisí, acmhainní.*
- *Banda leathan sásúil bheith ar fáil.*
- *Acmhainní ar nós ríomhairí glúine & iPad do gach múinteoir.*
- *Scéimeanna oibre & samplaí de na contanaim.*
- *Conas Aistear, Na Chéad Chéimeanna a chomhshnaidhmeadh. Measúnú & tagarmharcanna do scoláirí BTB.*

**C4: Smaointe le haghaidh Ábhar Tacaíochta**

**Nuair a cuireadh an cheist cé na tacaí a bheadh ag teastáil le haghaidh Churaclam Teangacha na Bunscoile, is iad seo a leanas na freagraí a tugadh in ord na rogha is coitianta.**

- *Teanga ó Bhéal-Samplaí de ghearrthóga físeáin, Teanga ó Bhéal do pháistí BTB, cluichí teanga.*
- *Feasacht Fóineolaíochta: gníomhaíochtaí & ord a múinte.*
- *Peannaireacht: Cén uair chun tosú & tréimhse chuí chun litreacha a thabhairt isteach.*
- *Tacaí don scríbhneoireacht fhabhraitheach/luath.*
- *Scríbhneoireacht: Struchtúr soiléir do gach rang le torthaí & modheolaíochtaí comhfhreagracha, mioncheachtanna ar cheardlanna scríbhneoireachta.*
- *An léitheoireacht & an scríbhneoireacht a chomhtháthú go héifeachtach.*
- *Seánraí scríbhneoireachta & scríbhneoireacht reatha tríd an scoil uile, seánraí scríbhneoireachta do ranganna sóisearacha.*
- *Ábhair mheasúnaithe le haghaidh Teanga ó Bhéal & Measúnaithe thart ar na clocha míle*
- *Straitéisí Tuisceana don léitheoireacht & iad a chomhtháthú isteach sa Churaclam teangacha.*
- *Foghlaim chomhoibríoch le haghaidh teagasc straitéisí tuisceana.*
- *Litearthacht & TFC.*
- *Litearthacht dhigiteach.*
- *Cuir chuige i leith inniúlacht chumarsáideach, foclóir agus líofacht a fhorbairt.*
- *Tacaíocht chun Inniúlacht T2 a fheabhsú.*
- *Gramadach.*
- *Forbairt foclóra.*
- *Ábhar léitheoireachta céimnithe & conas cumas páistí a mheaitseáil le hábhar oiriúnach léitheoireachta.*
- *Achoimre den Churaclam Teangacha i dteanga shimplithe.*
- *Tacaí & DVDanna Pleanála.*
- *An ról atá ag múinteoireacht tacaíocht foghlama chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim teangacha.*
- *Cleachtas a leabú & a chothú, cén dóigh?*

Ag imeachtaí atá ag teacht aníos ag páirtithe éagsúla m.sh., teacht le cheile na Samhna de Chomhdháil Oideachais Ghaelscoileanna Teo. 21/11/2014, eagrófar ceardlanna den chineál sin chun feasacht a ardú ar an gcuraclam agus chun aiseolas a bhailiú ó mhúinteoirí.